

AM *scéalaíochta*



Cnuasach de scéalta curtha in
oiriúint do pháistí le foghlaim
agus le hlnsint



Curtha ar fáil ag Coiste Fhéile na hInse.

CLÁR NA SCÉALTA

1. Either or Either
2. Déanfaidh siad mise
3. Codladh Céad Bliain
4. Luaithriona
5. Áille agus Brúid
6. Seán agus an Gas Pónaire
7. Micilín agus na Leipreacháin
8. Dic agus a Chat
9. An Leon agus an Luch
10. An Fia agus a Adharca
11. An Feirmeoir agus an tlascaire
12. Bóthar a Ghiorrú
13. Mac an Rí
14. An Sionnach agus an Préacháin
15. Cailín an Bhainne
16. Laethanta na Bó Riabhaigh
17. An Dornán Slat
18. An Sagart a Goideadh a Chóta Uaidh
19. Minic a Thig
20. Sadhbh
21. An Sionnach Rua
22. An Fhaocha
23. Cé a Chrochfadh
24. Sir Muice
25. An Broc agus an Sionnach
26. An Dreancaid
27. An Sionnach agus an Dreancaid
28. Mara Fuair Éireach Ainmneacha
29. An Chaoia Phíocan Gobán Saor Bean dá Mhac
30. Dáibhí agus an Fear Mór
31. An Coilleach Márta

CLÁR NA SCÉALTA

32. Is liomsa í
33. Cén Fáth nach gCuireann “Bail ó Dhia” ar Ghadhaír
34. Triúr Amadán an Bhéarla
35. An Bádóir agus an Barbóir
36. An Táilliúir agus an Iarlais
37. An Sagart agus an tAmadán
38. Oisín i dTír na nÓg
39. An Scéalaí ab’ Fhearr
40. An Táilliúir agus an Giorria
41. An Cat agus an Luch
42. Na Trodairí Óga
43. An Foghlaí Bóthair
44. Folach Íosa
45. Cé acu a bhí Caoch?
46. Uisce na gCos
47. An Airc Luachra
48. An Páiste a Fuadaíodh
49. An Sean fhear agus an Ministéir
50. Cearrbhach na Croaibhe
51. Cor in aghaidh an Chaim
52. Polaitíocht
53. An Fear céile Báite
54. Triúr fear i mBád ó Dúalainn go hÁrainn
55. An Teach nár Tógadh
56. Beart Glic
57. Madra an Dílíodóra
58. Na Trí Sraoth
59. Roinnt na nUll sa Reilig
60. An Fiach Dubh agus an tIolar Mór
61. An Luch ar Meisce
62. An Madra Meallta



EITHER OR EITHER

Bhí Sasanach agus Albanach ag argóint lá amháin faoin bhfocal sin agus bhí duine acu ag rá ‘eether’ agus an duine duine eile ag rá ‘eyether.’

Sa deireadh, ghlaoigh siad ar Éireannach chun an cheist a réiteach.

D’fhiafraigh siad de “which is correct; ‘eether’ or ‘eyether’?”

“Á” a deir an tÉireannach, “sure ‘ayther’ of them will do.”



DÉANFAIDH SIAD MISE

Fadó, fadó agus is fada fíorach an lá ó shin é, bhíodh a fhios ag gach uile dhuine cén uair a gheobhadh sé bás.

Lá amháin ar aon chaoi, bhí Dia ag déanamh cigireachta. Scrúdaigh sé feirm amháin.

Ansin rinne Dia casaoid leis an bhfeirmeoir faoi chomh siléigeach sliobarnach is a bhí na claíocha tógtha aige.

“Á” a deir an feirmeoir, “déanfaidh siad mise, gheobhaidh mé bás amárach.”

“Caithfidh mé an domhan a athrú” a deir Dia leis féin, “nó ní bheidh dada le rá ag an mbéal atá le teacht.”

Agus d’athraigh.

Uaidh sin go dtí an lá atá inniu ann, níl a fhios ag aon duine cá bhfuil fód a bháis.



CODLADH CÉAD BLIAIN


Bhí Rí agus Banríon ann fadó, agus bhí leanbh beag acu. Bhí an-áthas orthu agus bhí féasta mór acu sa phálás. Tháinig na síoga maithe chun bronntanas a thabhairt don leanbh ach ní bhfuair an tsíóg ghránna cuireadh. Tháinig sí agus fearg uirthi.

Dúirt sí go rachadh bior i méar an bhanphrionsa nuair a bheadh sí sé déag agus go bhfaigheadh sí bás agus d'imigh sí. Ach dúirt an tsíóg mhaith nach mbeadh sí marbh, ach ina codladh go dtí go dtiocfadh prionsa.

Nuair a bhí an bhanphrionsa a sé déag, chuaigh bior ina méar agus thit sí ina chodladh. Thit gach duine sa phálás ina chodladh; na hainmhithe, na giollaí, gach rud beo. D'fhás sceacha agus crainn timpeall ar an bpálás agus rinne na daoine dearmad air.

Lá amháin, tar éis céad bliain, tháinig prionsa agus chonaic sé an pálás i lár na gcrann is na sceach. Rinne sé a bhealach isteach go dtí an pálás agus chonaic sé gach duine ina gcodladh. Chonaic sé an bhanphrionsa agus thóg sé a lámh agus dhúisigh sí. Dhúisigh gach duine agus go tobann, d'imigh na crainn agus na sceacha.

Bhí féasta mór acu, agus phós an prionsa agus bhanphrionsa agus mhair siad go sona as sin amach.





LUAITHRÍONA

Bhí cailín ann uair amháin agus Ríona an t-ainm a bhí uirthi. Fuair a máthair bás agus bhí beirt deirfiúr aici nach raibh deas léi. Bhí sí ag obair go crua agus ní dhearna siad aon rud. Bhí sí i gcónaí sa chistin ag obair agus bhí luaith ar a gúna agus ghlaoigh na deirfiúracha Luaithriona uirthi.

Bhí féasta i bpalás an rí. Bhí na deirfiúracha ag dul ach ní raibh Luaithriona ag dul. Bhí brón uirthi. Nuair a bhí na deirfiúracha imithe go dtí an féasta, thainig an tSíógín Maith chuig Luaithriona agus thug sí gúna álainn agus cóiste agus capaill agus giollaí di chun dul go dtí an féasta. Ach dúirt sí léi bheith sa bhaile roimh meánoíche.

Bhí an-am ag Luaithriona ag an feasta, agus níor bhrath sí an t-am ag imeacht. Bhí sí ag damhsa leis an bPrionsa, nuair a chuala sí an clog ag tosú ag bualadh meánoíche. Rith sí amach as an bpalás, ach chaill sí bróg. Dúirt an Prionsa go bpósfadh sé an cailín a rachadh an bhróg ar a cos.

Chuaigh sé timpeall na tíre ar fad ag lorg cailín a rachadh an bhróg ar a cos. Nuair a tháinig sé go teach Luaithriona, bhí fearg ar na deirfiúracha nuair nach rachadh an bhróg ar a gcosa, ach chuaigh sé ar chos Luaithriona i gceart. Phós an Prionsa í agus mhair siad go sonas as sin amach.

ÁILLE AGUS BRÚID



Bhí fear ann fadó agus bhí triúr iníon aige. Bhí siad go han-deas, ach bhí an duine ba óige chomh hálainn sin go raibh a chuid airgid go léir caite, agus go raibh sé ag dul go dtí an baile mór ar ghnó. D'imigh sé ar a chapall ach chuaigh sé amú sa choill.

Tháinig sé go dtí teach mór. Chnag sé ar an doras ach ní raibh éinne sa teach. Chuaigh sé isteach agus bhí bia álainn ar an mbord. Bhí ocras air agus d'ith sé é. Bhí tuirse air agus chuaigh sé a chodladh i leaba álainn. Ar maidin bhí éadaí deasa ann agus chuir sé iad air féin.

Chuaigh sé amach agus chonaic sé fear le ceann ainmhí a dúirt: “Caithfidh tú an chéad rud beo a fheicfidh tú a thabhairt dom, nó maróidh mé thú.” Chuaigh an fear abhaile agus b'í Áille an chéad rud beo a chonaic sé. Bhí air í a thabhairt don bhrúid. Bhí brón mór ar an athair.

Tar éis tamaill, bhí sé an-deas léi, agus d'iarr sé uirthi é a phósadh. Dúirt sí go bpósfadh sí é agus d'athraigh sé go Prionsa le draíocht. Phós siad agus mhair siad go sona as sin amach, i bpalás álainn.




SEÁN AGUS AN GAS PÓNAIRE

Bhí seanbhean ann fadó agus bhí mac amháin aici. Bhí siad an-bhocht. Ní raibh fágtha acu ach aon bhó amháin. Lá amháin dúirt an bhean le Seán, a mac, dul go dtí an baile mór agus an bhó a dhíol agus bia a cheannach.

D'imigh Seán, ach casadh fear air ar an mbóthar agus dhíol sé an bhó leis ar chúig pónairí draíochta. Bhí fearg ar a mháthair nuair a tháinig sé abhaile agus chaith sí na pónairí amach an fhuinneog, agus chuir sí Seán go dtí a leaba gan tae.

An lá ina dhiaidh sin, bhí gas pónaire mór ag dul suas sa spéir sa ghairdín. Chuaigh Seán suas an gas agus chonaic sé caisleán mór. Chuaigh sé isteach, agus ansin chuala sé an fathach ag teacht, ag béicigh “Fí, Fá, Fó, fum, faighim boladh breá garsúin.” Chuaigh Seán i bhfolach agus d'ith an fathach dinnéar mór, agus ina dhiaidh sin thosaigh sé ag comhaireamh a chuid airgid.

Nuair a thit sé ina chodladh, thóg Seán an t-airgead agus rith sé síos an gas pónaire. Tháinig sé ar ais arís agus thóg sé cearc dhraíochta agus clairseach draíochta, ach bhéic an clairseach, agus rith an fathach. Rith Seán síos an gas pónaire agus fuair sé tua agus leag sé é. Thit an fathach agus bhí sé marbh. Ach bhí Seán agus a mháthair saibhir agus mhair siad go sona.



MICILÍN AGUS NA LEIPREACHÁIN

Bhí gréasaí ann fadó agus Micilín an t-ainm a bhí air. Ní raibh éinne ag ceannach na bróga a rinne sé agus bhí sé an-bhocht. Ní raibh fágtha aige ach píosa beag leathair a d'fhág sé ar an mbord agus chuaigh sé a chodladh.

An lá ina dhiaidh sin, bhí péire breá bróga déanta ar an mbord, agus dhíol sé iad go tapaigh. Cheannaigh sé píosa níos mó leathair agus d'fhág sé ar an mbord é agus chuaigh sé a chodladh. An la ina dhiaidh sin, bhí dhá phéire bróg déanta ar an mbord, agus dhíol sé iad go tapaigh. Lean rudaí mar seo gach oíche go dtí go raibh gnó mór aige, ach ní raibh fhios aige cé a bhí ag déanamh na mbróg.

Bheartaigh sé féin agus a bhean fanacht ina suí oíche amháin agus a fháil amach cé a bhí ag déanamh na mbróg. I lár na hoíche tháinig beirt fhear beag isteach agus rinne siad na bróga. Ach bhí éadaí stracadh orthu. Dúirt an bhean go ndéanfadh sí éadaí dóibh.

D'oibrigh sí ar feadh seachtaine agus nuair a bhí siad críochnaithe, d'fhág sí ar an mbord iad do na leipreacháin. Tháinig na leipreacháin san oíche agus chuir siad na héadaí orthu féin, agus d'imigh siad. Níor tháinig siad ar ais níos mó ach bhí an gréasaí agus a bhean saibhir, agus mhair siad go sona as sin amach.



DIC AGUS A CHAT

Bhí buachaill ann fadó, Dic an t-ainm a bhí air. Bhí a athair agus a mháthair marbh. Bhí sé bocht. Is minic a bhí ocras air.

“Rachaidh mé go dtí an Baile Mór” a dúirt sé. “Tá ór agus airgead ar na sráideanna.” Chuaigh sé go dtí an baile mór. Turas fada ab ea é, ach ag deireadh shroich sé an baile mór. Chonaic sé na siopaí, na sluaite daoine, na tithe móra. Ach ní fhaca sé ór ná airgead ar na sráideanna. Ní bhfuair sé obair. Bhí tuirse agus ocras air.

Faoi dheireadh, fuair sé post ag obair i dteach mór. Obair an-chrua a bhí ann agus ní raibh sé sona. Lá amháin, dúirt sé: “imeoidh mé as seo” agus thosaigh sé ag siúl as an baile. Ansin, chuala sé na cloigíní ag glaoch air “Tar ar ais, beidh tú mar mhéara ar an mbaile seo fós.”. Chas sé timpeall agus chuaigh sé ar ais ag obair sa teach mór, arís.

Bhí an teach lán de lucha, agus fuair Dic cat, agus mharaigh an cat na lucha go léir. Bhí áthas ar Mháistir an tí agus thug sé a lán airgead do Dic. Bhí Dic saibhir anois agus cheannaigh sé teach mór dó féin. Phós sé iníon an Mháistir agus ansin rinneadh Méara den bhaile de, agus mhair siad go sona as sin amach. Bhí an ceart ag na cloigíní nuair a dúirt siad: “Tar ar ais, beidh tú mar Mhéara ar an baile seo.”.



AN LEON AGUS AN LUCH

Bhí an leon ina chodladh. Tháinig na luch ag damhsa ina thimpeall. Léim luch acu ar a shrón agus bhuail sé a lapa uirthi. Lig sise scréach.

“Ó!” ar sise. “Ná maraigh mé. Ná maraigh mé, le do thoil.” Thóg sé a lapa di agus d’imigh sí.

Tamall ina dhiaidh sin rugadh ar an leon. Rugadh air i líon a cuireadh ann d’aon ghnó chun breith air. Bhí sé ag casadh agus ag únfairt sa líon ach theip air é féin a scaoileadh saor. Chuir sé búir as.

Chuala an luch an bhúir. Siúd chun na háite í. Chrom sí ar an líon a ghearradh lena fiacra beaga géara.

Níorbh fhada gur thit an líon as a chéile. D’éirigh an leon agus d’fhéach sé uirthi.

“Sea,” ar seisean. “Níl ionat ach rud beag suarach, ach féach gur éirigh leat rud a dhéanamh ar theip ar neart leoin é a dhéanamh.”



AN FIA AGUS A ADHARCA

Tháinig fia go bruach srutháin agus bhí sé ag ól an uisce as. Bhí an t-uisce go breá glan, agus chonaic an fia a scáil thíos ann. D’fhan sé tamall ag féachaint air féin.

“Nach álainn iad na hadharca seo orm!” ar seisean.
“Nach uasal iad! Ach nach mór an trua mé agus na cosa gránna caola atá fúm!”

Leis sin, chuala sé glór na ngadhar ag teacht. As go brách leis an bhfia, agus ba mhaith iad na cosa caola chun an talamh a chur díobh. Bhí rith maith ag an bhfia.

Rachadh sé slán ó na gadhair mura mbeadh na hadharca.

Chuaigh na hadharca in achrann i dtor agus d’fhan an fia ceangailte ansin gur rug na gadhair air.



AN FEIRMEOIR AGUS AN TIASCAIRE

Casadh feirmeoir agus iascaire ar a chéile lá amháin.
Thosaigh siad ag comhrá.

“An bhfuil d’athair beo?” a deir an feirmeoir.

“Níl,” a deir an t-iascaire.

“Céard a d’éirigh dó?” a deir an feirmeoir.

“Bádh é,” a deir an t-iascaire.

“Is céard faoi do sheanathair?” a deir an feirmeoir, “ar éirigh an rud céanna dó?”

“D’éirigh,” a deir an t-iascaire, “bádh eisean freisin.”

“Bhuel,” a deir an feirmeoir, “dá mba mise thusa, ní ghabhfainn ar an bhfarraige arís go brách.”



“Is céard faoi d’athairse” a deir an t-iascaire, “an bhfuil sé beo?”

“Níl” a deir an feirmeoir, “fuair sé bás ar an leaba.”

“Agus do sheanathair?,” a deir an t-iascaire.

“D’éirigh an rud céanna dó siúd.” a deir an feirmeoir,
“Fuair seisan bás ar an leaba freisin.”

“Bhuel,” a deir an t-iascaire, “dá mba mise thusa, ní luífinn ar an leaba arís go brách.”





BÓTHAR Á GHIORRÚ

Bhí fear agus a mhac ag dul ar thuras.

“A Mhic,” arsa an t-athair, “giorraigh an bóthar.”

“Níl aon slí chun an bóthar a ghiorrú,” arsa an mac, ach siúl go mear.”

“Níl aon mhaith ionat,” arsa an t-athair. “Filimís abhaile.”

D’fhill siad abhaile.

Lá arna mhárach, ghluais siad arís.

“A Mhic,” arsa an t-athair, “giorraigh an bóthar.”

“Níl aon slí chun an bóthar a ghiorrú,” arsa an mac, ach siúl go mear.”

“Níl aon mhaith ionat,” arsa an t-athair. “Filimís abhaile.”

Nuair a tháinig siad abhaile, d’inis an mac dá bhean na focail a dúirt an t-athair leis.

“Déan mar seo é,” arsa an bhean. “Nuair a déarfaidh d’athair leat an bóthar a ghiorrú, tosaigh ar scéal a insint dó. Geallaim duit nach bhfillfidh sé.”

Lá arna mhárach, ghluais siad arís.

“A Mhic,” arsa an t-athair, “giorraigh an bóthar.”

Thosaigh an mac ar scéal a insint. Scéal breá fada a bhí ann. Níor mhothaigh siad an t-am ag dul thart gur shroich siad an áit a raibh siad ag dul.

MAC AN RÍ



Bhí Rí ann fadó agus fuair sé bás.

Bhí aon mhac amháin aige, ach tamall de bhlianta roimhe sin, d'imigh an mac ón mbaile agus ní fhaca aon duine de mhuintir na háite ina dhiaidh sin é.

Nuair a fuair an sean-Rí bás tháinig triúr ógfhear chun na háite. Dúirt gach duine den triúr gurbh é féin mac an rí, agus gur choir an ríocht a bheith aige féin.

Chruinnigh na daoine go léir. Bhí siad ag éisteacht leis an triúr ógfhear, ach theip orthu a dhéanamh amach cé acu an fear a raibh an fhírinne á insint aige.

Faoi dheireadh, labhair seandúine críonna liath. “Socraímís an scéal ar an gcuma seo,” ar seisean. “Cuirimís corp an Rí ina sheasamh i lár na faiche. Scaoileadh gach duine den triúr ógfhear urchar leis an gcorp. An duine acu a chuirfidh urchar trí chroí an choirp, bíodh an ríocht aige.”

“Táim sásta,” arsa an chéad ógfhear.

“Taimse sásta,” arsa an dara ógfhear.

“Bíodh an ríocht ag duine éigin acu seo,” arsa an tríú fear.

“Ní fhéadfainn go deo urchar a scaoileadh le corp m’athar.”

“Is tusa mac an rí,” arsa an seanfhear.

Liúigh na daoine go léir.

“Is tusa mac an rí,” ar siad. “Is leatsa an ríocht feasta.”



SIONNACH AGUS AN PRÉACHÁN



Fuair préachán píosa cáise, lá. Suas ar chrann ard chun an cháis a ithe.

Bhí sionnach ag gabháil an treo. Chonaic sé an píosa cáise i mbéal an phréacháin, agus chuir sé dúil ann.

“Is deas an píosa cáise é sin,” ar seisean leis féin, “agus tá ocras ormsa.”

Shulgh sé ag bun an chrainn agus labhair sé leis an bpréachán.

“Is tú an t-éan is áille ar domhan,” ar seisean.

“Má tá do ghuth chomh hálainn leat féin, níl do shárú le fáil i measc na n-éan.”


Thaitin an plámás sin leis an bpréachán. D’oscail sé a ghob chun ceol a dhéanamh.

“Cá, cá!” ar seisean.


Nuair a d’oscail sé a ghob, thit an píosa cáise uaidh. Sciob an sionnach leis é, agus as go brách leis.

Fágadh an préachán ar an gcrann agus ocras air.

“Mairg a thabharfadh cluas don phlámásaí!” ar seisean leis féin.



CAILÍN AN BHAINNE



Bhí cailín ag gabháil an bóthar. Cailín deas óg ba ea í.


Bhí canna bainne ar a ceann aici agus bhí sí ag caint léi féin.

“Díolfaidh mé an bainne seo,” ar sise, “agus ceannóidh me dosaen ubh. Cuirfidh mé na huibeacha ar gor agus ní fada go mbeidh ál sicíní agam.”

“Díolfaidh mé na sicíní agus ceannóidh mé banbh. Déanfaidh mé an banbh a ramhrú, agus nuair a bheidh sé ramhar díolfaidh mé ar an margadh é. Gheobhaidh mé cuid mhaith airgid air.”

“Ceannóidh mé gúna gleoite agus hata, agus cuirfidh mé orm Dé Domhnaigh iad. Beidh gach aon duine ag féachaint orm. Ach ní fhéachfaidh mise ar aon duine acu. Siúlfaidh mé trasna agus mo cheann san aer agam.”

Leis sin, chroith sí a ceann go huaibhreach. Thit an canna anuas agus doirteadh gach braon den bhainne.



LAETHANTA NA BÓ RIABHAIGH

Fadó, fadó, bhí seanbhó riabhach ina luí istigh i bpáirc. Bhí sí an-lag agus an-sean agus ba mhithid di bás fháil. Mí na Márta a bhí ann agus bhí an aimsir go dona.

“Maróidh mé an seanbhó seo,” arsa Márta léi féin.

Shéid sí agus shéid aniar ar dtús le báisteach throm. Ansin shéid sí aduaidh le clocha sneachta agus fuacht.

Ach níor mharaigh sí an seanbhó.

Tháinig deireadh na míosa ach níor éirigh léi an seanbhó a mharú bíodh is go raibh sí an lag.

“Caithfidh mé cúnamh a fháil,” arsa Márta. Chuaigh sé go dtí Aibreán.

“An dtabharfaidh tú roinnt laethanta ar iasacht dom?” ar sise.

“Ceart go leor,” arsa Aibreán, “tóg pé mhéid lá is gá duit chun an gnó a dhéanamh.


Le cúnamh Aibreáin, lean Márta uirthi ag séideadh gaoithe is báisteach aduaidh, sioc agus sneachta go dtí ar deireadh thiar fuair an seanbhó bás.

Riamh ó shin bíonn laethanta tosaigh Aibreán fuar agus fliuch mar a bhí an uair úd. Níor thug Márta na laethanta riamh ar ais do Aibreán agus dá bharr sin tugtar Laethanta na Bó Riabhaigh ar laethanta tosaigh Aibreán ó shin.





AN DORNÁN SLAT




Bhí fear ann agus bhí cúigear nó seisear mac aige. Bhíodh na mic ag troid agus ag bruíon le chéile i dtreo go raibh an fear bocht cráite acu.

Ghlaoigh sé chuige iad lá, agus thaispeáin sé dornán slat dóibh agus é ceangailte le gad. Dúirt sé leo, an té a fhéadfadh an dornán a bhriseadh ina dhá leath trasna, go bhfágfadh sé a chuid aige ag dul chun báis dó.

Rug duine acu ar an dornán. Lúb sé agus chas sé é, ach theip air é a bhriseadh. Rug duine eile acu air agus chuir sé ar a ghlúin chuige é, agus lúb sé é, ach theip air é a bhriseadh. Rug an tríú duine air agus chuir sé faoina chois ar an talamh é, ach má chuir, theip air é a bhriseadh. Theip sé orthu go léir.

Ansin rug an t-athair ar an dornán; scoir sé an gad agus bhris sé gach slat faoi leith.

“Féach, a chlann ó,” ar seisean. “Is cuma sibhse ní an dornán slat sin. Fad a bhí an gad ar an dornán agus na slata dlúite ar a chéile níorbh fhéidir iad a bhriseadh. Ach nuair a scoireach an gad agus a scaradh na slata lena chéile, ní raobh aon bhac ar aon duine iad a bhriseadh ina gceann agus ina gceann. Mar sin atá an scéal agaibhse. Fad a chuirfidh sibh le chéile, ní fhéadfaidh aon duine an lámh uachtair a fháil oraibh, ach ma thagann fuath agus mioscais eadraibh, agus má thugann sibh droim láimhe lena chéile, gheofar an lámh uachtair oraibh.”



AN SAGART AR GOIDEADH A CHÓTA UAIDH

Bhí fear ann fadó agus ghoid sé cóta mór ón sagart. An Samhradh a bhí ann agus níor airigh an sagart an cóta bheith imithe uaidh.

Ansin, tamall ina dhiaidh sin, chuaigh an fear chuig faoistin go dtí an sagart céanna.

“Ghoid mé cóta Athair,” a dúirt sé.

“Tá sé sin dona go leor,” a dúirt an sagart. “Is peaca trom é an ghoid, ach ní leor é a insint ag faoistin. Caithfidh tú an cóta a thabhairt ar ais don duine gur leis é.

“Ceart go leor a Athair,” a dúirt an fear. “An dtógfaidh tusa anois é.”

“Ní thógfaidh mé é,” arsa an sagart. “Tabhair ar ais don duine gur leis é.”

“Rinne mé iarracht é sin a dhéanamh, ach ní thógfadh an duine sin uaim é.”

“Más mar sin atá an scéal,” arsa an sagart, “coinnigh tú féin é.”

“Go raibh míle maith agat a Athair,” arsa an fear agus choinnigh sé an cóta dó féin.





MINIC A THIG



Bhí cailín ann uair amháin agus bhí beirt bhuachaillí i ngrá léi. Bhí duine acu agus thagadh sé go minic ar cuairt chuici. Bhíodh sé ag teacht chomh minic sin gur baistíodh ‘Minic a Thig’ air. Ní thagadh an lead eile ach go hannamh agus baistíodh ‘Minic nach dTig’ airsean.

Bhíodh ‘Minic a Thig’ ag teacht chuig an teach chomh minic sin gur éirigh muintir an chailín bréan de. Bhí siad bánaithe ag tabhairt tae dó.

Le fáil réidh leis rinneadh cleamhnas idir an cailín agus ‘Minic a Thig’. Ní raibh an cailín sásta mar bhí sise i ngrá le ‘Minic nach dTig’.

Bhí go maith is ní raibh go holc.

Bhí fleá agus féasta i dteach an chailín an oíche a rinneadh an cleamhnas.

Cé a shiúil isteach ach ‘Minic nach dTig’.



Bhí go leor sláintí á moladh agus á n-ól ag an bhfleá.

Sheas an cailín suas agus mhol sí an tsláinte seo: “Siúd ort do shláinte, a ‘Mhinic a Thig’. Faoi thuairim do shláinte, a Mhinic nach dTig. A thigeadh chomh minic le ‘Minic a Thig’.”

Bhí ‘Minic a Thig’ ar buille. Sheas sé suas agus thug sé an freagra seo: “Siúd ort do shláinte, a chumainn is a rúin ‘S mura tusa mo chumann, is cuma liom thú.”

D’imigh an cailín ansin le ‘Minic nach dTig’ agus phós siad agus mhair siad go sona sásta as sin amach.

SADHBH

Bhí fear i gConamara fadó.

Bhí sé pósta.

Sadhbh an t-ainm a bhí ar a bhean.

Ní raibh aon Bhéarla ag ceachtar acu.

Lá amháin, chuaigh sé féin agus a bhean go Gaillimh.

Bhí carr capaill acu agus muc istigh acu ann.

Bhí siad le haghaidh an mhuc a dhíol ar an aonach.

Bhí go maith is ní raibh go holc.

Tháinig ceannaitheoir muc suas chucu.

Bhreathnaigh sé isteach sa charr.




Ní raibh aon Ghaeilge ag an gceannaitheoir muc agus ní raibh aon Bhéarla ag fear Chonamara.


Dúirt an ceannaitheoir “How much do you want for the sow, old chap?”

Bhí fear Chonamara ar buille agus dúirt sé go feargach “Ná bac le Sadhbh, ach cheannaigh an mhuc.”

Nóta: Fuaimnítear Sadhbh mar ‘sow’ i gConamara.



AN SIONNACH RUA



Sa Choill Mhór a bhí a pluais ag an Sionnach Rua. Bhí a lán crann sa Choill. Bhí an sceach gheal ann, an draighean dubh, an coll agus an crann fuinseoige. Bhí driseacha ann go tiubh.

Gach aon tráthnóna agus ar maidin go moch, mhúineadh an Sionnach Rua cleasaíocht dá clann – ag rith, ag casadh, agus ag pocléim timpeall na gcloch, agus isteach agus amach i bpoill na gcarraigeacha. Bhí poll mór uisce in aice na háite, agus sa pholl sin mhúineadh sí dóibh conas snámh faoi uisce agus a lán cleas eile.

Théadh an Sionnach amach san oíche ag fáil bia dá clann. Ní raibh cró sa cheantar nach raibh eolas aici air, agus go bhféire Dia ar an éan nár dúnadh an doras air san oíche. Chrochadh an Sionnach léi géanna agus gandail, cearca, agus coiligh, lachain agus bárdail. Is minic, freisin, a mharaíodh sí coiníní agus giorriacha óga.

Rinneadh a lán iarrachtaí ar an Sionnach a ghabháil. Is iomaí lá a chaith Séamus Dubh thuas ar an gcrann fuinseoige sa Choill, agus a ghunna ina lámh aige, ach ní chuireadh an Sionnach a srón amach go dtí go mbíodh sé imithe leis abhaile.

An oíche áirithe seo, chuir an Sionnach a cos i ngaiste a cuireadh ann d'aon ghnó chun breith uirthi. Rinne sí gach aon iarracht ar í féin a scaoileadh saor. Sheas sí ar a cosa deiridh. Luígh sí ar a droim. D'éirigh sí san aer. Rug sí greim fiacra ar an ngaiste go dtí gur bhris sí clárfhiacail. Ach ní raibh maith di ann. Faoi dheireadh luígh sí siar agus dhún sí a dhá súil.

Le breacadh an lae, tháinig Séamus Dubh. Chonaic sé cos an Sionnach Rua ina luí gan cor aisti. “Á há,” ar seisean, “tá tú marbh agam, a ghadaí.” Leag sé a chos ar an ngaiste agus scaoil sé cos an tsionnaigh go n-ardódh sé leis abhaile í. Ní thúisce an chos saor aici ná d'éirigh sí de léim agus as go brách léi siar abhaile chun na Coille.



AN FHAOCHA

Fadó, fadó, nuair a bhí na lúdaigh ag lorg Mac Dé, chuaigh siad síos bóthar amháin agus chonaic siad daoine a bhí ag obair ar leataobh an bhóthair.


D'fhiafraigh siad díobh an bhfaca siad Mac Dé.


Dúirt siadsan go bhfaca – go ndeachaigh Sé thart an lá roimhe sin.

D'fhiafraigh na lúdaigh ansin cá ndeachaigh Sé agus d'fhreagair na daoine go ndeachaigh Sé síos sa chadach agus siar i bhfaocha.

D'inis siad ansin do na hludaigh go raibh lannach ar an bhfaocha a ndeachaigh Sé siar ann agus go mbeadh sé éasca É a fháil.

Chuaigh na lúdaigh síos sa chladach ach bhí lannach ar gach uile fhaocha dá raibh ann.





CÉ A CHROCHFAÍ?

In aimsir Chogadh na Talún bhí cumhacht an láidir ag na Tiarnaí Talún.

Níor theastaigh mórán údair le go gcrochfaí thú.

Lá amháin tugadh breithiúnas uafásach sa chúirt. Daoradh triúr chun a gcrochta, fear agus a mhac agus deartháir a chéile.

Dar ndóigh, ní nach ionadh, thosaigh bean an fhir ag screadaíl chaointe in ard a cinn is a gutha.

Sa deireadh, ghlac an breitheamh trua di.

Dúirt sé léi go ligfeadh sé saor duine amháin den triúr, cibé ar bith cé acu a roghnóidh sí féin.

Anois, mar a dúirt mé cheana, bhí a fear céile ann, a deartháir agus a mac.

Ba rídheacair an roghnú a bhí le déanamh aici.

Sa deireadh roghnaigh sí a dheartháir.

Nuair a d'fhiafraigh an breitheamh di cén fáth gurbh é a deartháir a roghnaigh sí, seo mar a dúirt sí:

“Gheobhaidh mé fear i dtír
Mac i mbroinn
Ach ní bhfaighidh mé mo dheartháir choíche.”

Chuir sin an oiread iontais ar an mbreitheamh gur scaoil sé saor an triúr acu.



SIR MUICE

Is gnás cainte an-Ghallda é, a bheith ag tabhairt ‘Sir’ ar dhuine.

Dar ndóigh, bhrúigh na Sasanaigh an nós orainn.

Fear ar bith a bhí Gallda ina mheon is gur theastaigh uaidh a thaispeáint go raibh sé Gallda, d’úsáid sé an ‘Sir’ go minic.

Sórt “sodar i ndiaidh na n-uasal” a chothaigh sé sin i measc na nGael.

Bhí a leithéid de dhuine thart anseo fadó.

Bhí muise, bhí agus beirt: Cóilín agus Pádraig.

Lá amháin theastaigh ó Chóilín gar a dhéanamh dá chara Gallda Pádraig.

Bhí sé ag cur muice chuige.

Sheol sé a mhac Feichín leis an muc sa charr asail.

Anois, ní raibh aon fhocal Béarla fós ag Feichín.

D’fhiafraigh Feichín de céard ba cheart dó a rá i mBéarla nuair a shroichfeadh sé teach Phádraig.

“Bí múinte béasach,” a deir an t-athair leis, “agus cuir an focal ‘Sir’ le gach a déarfadh tú.”

Bhí go maith is ní raibh go holc.

As go brách le Feichín agus an mhuc sa charr asail aige.

Nuair a shroich sé teach Phádraig, tháinig Pádraig amach agus seo mar a dúirt Feichín:

“Chuir Sir m’athair, Sir mise, chuig sir thusa, le Sir muice.”



AN BROC AGUS AN SIONNACH

Tá an broc níos láidre ná an sionnach.
Tá an sionnach i bhfad níos glice ná an broc.
Tá faitíos ar an sionnach roimh an mbroc.
Oíche amháin dúirt an broc leis an sionnach go raibh sé le
haghaidh go leor leor cearc a mharú.

Dúirt sé leis an sionnach go gcaithfeadh sé teacht leis agus cabhrú
leis.

D'imigh siad leo.

Shroich siad cró na gcearc.

Rinne siad poll sa bhalla.

Chuaigh siad isteach.

Mharaigh siad na cearca uilig.

Thosaigh siad ar aghaidh ag ithe is ag ithe is ag ithe.

Gach uile uair a d'itheadh sé cearc iomlán d'éiríodh an sionnach.

Deireadh sé go raibh sé ag dul amach ag féachaint an raibh an
feirmeoir ag teacht.

Shleamhnaíodh sé amach tríd an bpoll.

D'fhanadh sé amuigh tamailín agus thagadh sé isteach arís agus
leanadh sé ar aghaidh ag ithe in éineacht leis an mbroc.

An chéad rud eile chuaigh an sionnach amach arís ach níor tháinig
sé ar ais.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, tháinig an feirmeoir agus a chlann
mhac.

Mharaigh siad an broc.



AN DREANCAID

Is iontach an feithead í an dreancaid.

Ruidín beag dubh í agus ta sí in ann léim chomh hard leis an spéir.


Tá peata coinín agamsa agus tá a chuid fionnaidh lán de dreancaidí.

Bíonn Mamaí ar buille agus ritheann sí ag iarraidh D.D.T.

Tosaíonn Daidí ag gáire.

Tá go leor scéalta ag Daidí faoi dhreancaidí.

Seo ceann acu.



Bhí sé ar lóistín fadó ag bean a bhí sraoil each salach.

Agus níos measa ná sin, bhí an teach lán le dreancaidí.

Maidin amháin, rinne sé clamhsán léi fúthú.

“Níor chodail mé néal aréir acu,” a deir sé.

“Dreancaidí?” a deir Bean an Tí.

“Níl oiread agus ceann amháin sa teach.”

“Is fíor duit, a bhean,” a deir Daidí, “mar is cúplaí pósta uilig atá ann agus muirín breá mór ag gach uile cúpla acu.”

Ar maidin lá arna mhárach, dúirt Bean an Tí leis, “caithfidh sé gur chodail tú go sámh aréir mar mharaigh mé an dreancaid sin a bhí i do leaba.”

“Ó mui se, dheamhan néal chodail,” a deir Daidí.

“B’fhéidir gur mharaigh tú í ceart go leor ach tháinig gach uile dhreancaid sa pharóiste ar a tórramh.”

“Níl a chall dom a rá,” deir Daidí, “nach raibh mé i bhfad ag athrú lóistín.”

AN SIONNACH AGUS NA DREANCAIDÍ

Bhí scéal eile ag Daidí faoi na dreancaidí.

Bhí sionnach ann uair amháin agus bhí sé foirthe ag dreancaidí.

Thrial sé gach uile chleas dá raibh aige le fáil réidh leo.

Scríob sé é féin. Thochas sé é féin.

Rolláil sé é féin ar an talamh.

Ach theip ar gach uile chleas acu.



Bhí caora mar chara aige agus chuaigh sé chuici ag iarraidh comhairle uirthi.

“An bhfuil a fhios agat céard a dhéanfaidh tú,” a deir an chaora.

“Tarraing píosa olla de mo dhroim.”

Rinne an sionnach mar a dúradh leis.

“Coinnigh an píosa olla sin i do bhéal anois,” a deir an chaora,

“agus téanam uait síos chun na farraige.”

“Isteach leat sa sáile i ndiaidh do thóna,” a deir an chaora.

Isteach leis an sionnach.

De réir mar a bhí an sáile ag clúdach a eireaball agus a cholainne uilig, léim na dreancaidí suas suas go dtí nach raibh áit le dul acu ach isteach sa píosa olla.

“Oscail do bhéal anois,” a deir an chaora, “agus scaoil uait an píosa olla,”

D’imigh na dreancaidí ag snámh ar an taoide.

Anois nár chliste an cailín í an chaora?



MAR A FUAIR ÉIRE A HAINMNEACHA

Bhí triúr rí agus triúr banríon ar Thuatha Dé Danann. Banba, Fodhla agus Éire ab ainm do na banríonacha.

Casadh Banba arm mhic Mhíle ag Sliabh Mis i gCiarraí. Bhí fear darbh ainm Aimhírgín ina fhile agus ina fhear friotail do mhic Mhíle. Labhair sé leis an mbanríon agus d'fhiafraigh di cad ab ainm di.

“Banba,” ar sise, “agus is ó m’ainmse as a ghairter Banba,” den tír seo.” D’iarr sí orthu a hainm a fhágáil ar an tír i gcónaí agus gheall siad sin di.

Ghluais mic Mhíle rompu isteach nó gur shroich siad sléibhte Eibhlinne sa chúinne thoir thuaidh de Chontae Luimnigh. Casadh an dara banríon ansin orthu. D’fhiafraigh Aimhírgín dise, freisin, cad ab ainm di.

“Fodhla,” ar sise, “agus is ó m’ainmse a ghairtear Fodhla den tír seo.” D’iarr sí orthu a hainm a fhágáil ar an tír i gcónaí agus gheall siad sin di.

Ansin ghluais na hionróirí go lár na hÉireann agus níor stad siad nó gur tháinig siad go cnoc mórchúiteach Uisnigh i lár na hIarmhí, naoi míle ar an taobh thiar den Mhuileann gCearr. Casadh an tríú banríon ansin orthu. Labhair Éire leo agus dúirt: “Fáilte romhaibh, a laochra. Is fadó riamh a rinneadh tairngreacht ar bhur dteacht. Is libh an t-oileán seo go brách na breithe. Níl a shárú d’oileán ar thalamh an domhain. Ní bheidh cine ar bith níos fearr ná bhur gcine.”

“Is maith é sin,” arsa Aimhírgín. “Achainí agam oraibh, a mhaca Mhíle,” arsa Éire, “gurb é m’ainmse a bheidh ar an oileán seo.”

D’ainmse is mó a bheidh air go brách,” arsa Aimhírgín, “an t-ainm Éire.”



AN CHAOI AR PHIOC AN GOBÁN SAOR BEAN DÁ MHAC

Bhí an-chion go deo ag an nGobán Saor ar a mhac. Ach bhí an-fhaitíos air go bpósfadh sé óinseach de bhean. Bhí aithne ag an nGobán Saor ar chailín deas ach ní raibh sé ró-chinnté an raibh sise sách cliste agus sách ábalta le bheith ina bean céile ag a mhac.

Chonaic sé a mhac ag breathnú uirthi go minic agus ag caochadh súile uirthi.

Chuimhnigh an Gobán ar sheift.

Bhí a fhios go mbeadh an cailín ar an margadh an lár dar gcionn.

D'ordaigh sé dá mhac dhul ar an aonach ag díol craicinn chaorach. “Ach,” a deir sé leis, “caithfidh tú an craiceann agus a luach a thabhairt abhaile chugamsa.”

D'imigh an mac ar an margadh.

Ní raibh a fhios aige beo beirithe ná baiste cén chaoi a bhféadfadh sé orduithe a athair a chomhlíonadh.

Ba ghearr go bhfaca sé an cailín.

Anonn leis agus d'inis sé di faoina dheacracht.

“Cén chaoi sa diabhal,” a deir sé, “a dtabharfaidh mé abhaile an craiceann agus a luach chuig mo dhaidí?”

“Ó” a deir sí, “tá sé sin simplí.”

“Tabhair dom an craiceann,” a deir sí.

Thug sé di é. Bharr sí an olann de. Dhíol sí an olann. Chuaigh mac an Ghobáin abhaile agus straois go cluasa air. Phós mac an Ghobáin an cailín agus bhí an Gobán an-sásta léi





DÁIBHÍ AGUS AN FEAR MÓR

Bhí cogadh idir na hIosraelaigh agus na Filistínigh. Bhí an dá arm cruinnithe ar aghaidh a chéile amach.

Bhí fear mór láidir i gcampa na bhFilistíneach.

Góilát an t-ainm a bhí air. Tháinig sé amach agus labhair sé in ard a chinn agus a ghutha.

“Cuirigí chugam,” ar seisean, “fear a dhéanfaidh troid liom. Má bhuann sé orm, bíodh na Filistínigh faoi smacht agaibhse feasta. Má bhuann mise air, bíodh sibhse faoi smacht againne.”

Níor fhreagair aon duine an fógra sin. Tháinig an fear mór amach an mhaidin ina dhiaidh sin agus rinne sé an fógra céanna. Tháinig sé amach gach maidin ar feadh daichead lá, agus níor fhreagair aon duine an fógra, mar bhí eagla ar gach duine roimhe.

Lá amháin tháinig buachaill óg chun na háite.

Dáibhí ab ainm dó. Buachaill bocht a bhí ann.

Chuala sé an fear mór ag caint agus ag magadh faoi na hIosraelaigh nuair nach gcuirfidís fear amach a dhéanfaidh troid leis.

“Cé hé siúd?” arsa Dáibhí, “agus cad é seo atá ar siúl aige?”
Insíodh dó.

“Rachaidh mise ina choinne agus troidfidh mé é,” arsa Dáibhí. Ghluais an caint ó bhéal go béal go raibh an buachaill bocht chun an fear mór a throid. Chuala an rí é. Tugadh Dáibhí i láthair an rí. Chuir sé an rí éide air. Chuir sé sciath ina láimh chlé. Chuir sé claíomh ina láimh dheas. Chuir sé clogad ar a cheann.

“Ó,” arsa Dáibhí, ní fhéadfainn aon ní a dhéanamh agus an t-arm seo orm.”





Chaith sé de an éide. Chaith sé uaidh an claíomh agus an sciath. Thóg sé chuig a chranntabhaill agus a mhála agus a bhata. Síos leis chun na habhann.

Thóg sé as an abhainn cúig cinn de chlocha deasa cruinne agus chuir se chuige ina mhála iad. Nuair a chonaic an fear mór ag teacht é, tháinig fearg air.

“An dóigh leat,” ar seisean, “gur madra mé go bhfuil tú ag teacht chun mé a throid le bata! Tar chugam go dtabharfaidh mé chuid feola le n-ithe agus do chuid fola le n-ól do ghadhair na gcnoc agus d’éanlaith an aeir.” “Tá tusa ag teacht i mo choinne in arm agus in éide,” arsa Dáibhí, “ach tá mise ag teacht in ainm an Tiarna Dia na Glóire.”

Leis sin, chuir Dáibhí a lámh sa mhála agus thóg sé cloch as. Chuir sé an chloch sa chranntabhaill. Chas sé an cranntabhaill agus chaith sé an t-urchar. Ghluais an chloch agus bhuail sí an fear mór san éadan. Thit sé ar an talamh agus d’fhan sé mar sin.

Rith Dáibhí chuige. Tharraing sé claíomh an fhir agus bhain sé an ceann de.

Nuair a chonaic na Filistínigh an fear mór ar lár, theith siad as an áit.

Nuair a bhí Dáibhí fásta suas ina fhear, rinneadh rí de os cionn a mhuintire.

Mhair sé na blianta fada faoi ghradam agus faoi onóir.





AN COILEACH MÁRTA

Bhí beirt ann uair amháin agus bhí siad geallta le chéile.
Fuair an fear bás an oíche seo ar chuma ar bith ach ní raibh a fhios ag an gcailín dada faoi.
An oíche chéanna, bhí an cailín ag dul a chodladh agus tháinig “cnag, cnag” beag ar an bhfuinneog.

Bhreathnaigh sí amach agus céard a chonaic sí ach an fear a raibh sí geallta leis, agus é ar dhroim capaill agus é ag iarraidh uirthi a theacht in éineacht leis.

Bhuel, ar aon nós cheap sí gurbh é a fear féin é.

Ach Dia idir sinn agus an anachain, cé a bhí ann ach an “buachaill báire” é féin.

Suas léi ar mhuin an chapaill agus as go brách leo ar nós na gaoithe.

Bhí cruth agus cumraíocht an fhir lena raibh sí geallta air ceart go leor, ach bhí rud éigin aisteach ag baint leis. Tháinig faitíos agus uafás uirthi ach bhí an capall ag dul ar nós na gaoithe agus ní fhéadfadh sí léim de.
Ní raibh a fhios aici beirthe ná beo céard a dhéanfadh sí.

Bhí siad ag imeacht agus ag imeacht ar aon nós, agus an chéad rud eile, chuala sí coileach ag glaoch.

“Tá an coileach glaoite” a deir sí leis.


“Níl ann ach crábán” a deir “an buachaill” agus thug sé na spoir don chapall. Tamall ina dhiaidh sin chuala sí coileach eile. “Tá an coileach glaoite” a deir sí.”

“Níl ann ach crábán Fómhair a deir “an buachaill” agus thug sé na spoir arís don chapall.



Tamall ina dhiaidh sin chuala sí coileach eile ag glaoch.
“Tá an coileach glaoite” a deir sí arís.
“Sin coileach Márta” a deir “an buachaill” agus stop sé an capall ag éisteacht.

Léim an cailín den chapall ar an bpointe agus thosaigh sí ag rith. Shíl “an buachaill” í a chonneáil agus rug sé ar a clóca. Lig sí an clóca leis agus rith sí chomh maith is a bhí inti. An bhfuil fhios agaibh céard a tharla ina dhiaidh sin? Bhuel, fritheadh an clóca ar uaigh an fhir lena raibh sí geallta. Ach murach an Coileach Márta.....





CÉN FÁTH NACH GCUIRTEAR “BAIL Ó DHIA” AR GHADHAIR?

Oíche amháin bhí fear ag fáil bháis.

Cuireadh fios ar an sagart.

Chomh luath is a fuair an sagart an glaoch ola, d'imigh sé faoi dheifir chuig teach an duine thinn.

Ar a bhealach chuig an teach, bhí air siúl trí ghleann uaigneach ina raibh go leor crann ag fás.

An chéad rud eile, chuala sé guth ag casadh amhrán istigh i measc na gcrann.

Sheas sé ag éisteacht.

Bhí an guth go hálainn agus bhí an t-amhrán go hálainn.

D'éist sé agus d'éist sé agus d'éist sé.

Sa deireadh d'éirigh sé fiosrach.

Thosaigh sé ag cuardach i measc na gcrann féachaint an bhfeicfeadh sé cé a bhí ag casadh an amhrán.

Tar éis tamall fhada ag cuardach, baineadh an-gheit as.

Bhí a dhá shúil ar lasadh agus a chuid fiacra nochta.

Scanraíodh an sagart.

Ghearr sé comhartha na croise idir é féin agus an madra.

Ansin, chuimnigh sé ar an nglaoch ola.

Ach nuair a shroich se an teach bhí an fear caillte roimhe.

Bhreathnaigh sé ar a uaireadóir.

Bhí sé tar éis trí uair a chloig a chur amú ag éisteacht leis an amhrán.

D'ordaigh sé ina dhiaidh sin go mbeadh malltacht ar aon duine a chuirfeadh “Bail ó Dhia” ar ghadhar.

TRIÚR AMADÁN AN BHÉARLA

Bhí triúr amadán ann fadó.

Ní raibh aon Bhéarla acu.

Lá amháin dúirt an chéad amadán go rachadh sé ar scoil ag foghlaim Béarla.

Agus chuaigh.

Nuair a tháinig sé abhaile, chuir an bheirt eile ceist air,
“Céard a d’fhoghlaim tú inniu?”

“Ó,” a deir sé, d’fhoghlaim mé píosa mór míllteach Béarla.

“Is céard é?” a deir an bheirt eile.

“For the want of money.”

Ansin dúirt an tríú hamadán go rachadh sé féin ar scoil la arna mhárach ag foghlaim Béarla.

Agus chuaigh.

Nuair a tháinig sé abhaile chuir an bheirt eile ceist air,
“Céard a d’fhoghlaim tú inniu? “

“Ó,” a deir sé, d’fhoghlaim mé píosa breá mór Béarla.

“Is céard é?” a deir an bheirt eile.

“All right,” a deir sé.

Bhí go maith is ní raibh go holc.

Bhí an triúr amadán an-sásta leo féin.

Cheap siad go raibh go leor leor Bearla acu.

Dúirt siad go rachaidís go Sasana.

Agus chuaigh.

Bhí siad ag siúl síos an bóthar i Sasana nuair a chonaic siad fear marbh ar thaobh an bhóthair.

Sheas an triúr ag breathnú air agus a mbéal oscailte acu. Tháinig Bobby.

Dúirt sé: “ello, ello, ello, who killed this man?”


Theastaigh ón gcéad amadán a thaspáint go raibh Béarla aige féin agus dúirt sé: “We three.”

Ansin dúirt an Bobby, “But why did you do it?”

Theastaigh ón dara hamadán a thaispeáint go raibh Béarla aige féin agus dúirt sé: “For the want of money.”

Ansin dúirt an Bobby, “But you will be’anged.”

Ansin theastaigh ón tríú hamadán a thaispeáint go raibh Béarla aige féin agus dúirt sé: “All right.”





IS LIOMSA Í

Bhí fear sa phríosún aimsir na mBlack and Tans.
Fear an-Ghaelach ab ea é.
Ní labhraíodh sé focal Béarla le haon duine.

Bhí seomra mór codlata ag na príosúnaigh agus líne fhada leapacha ar gach aon taobh den seomra.
Gach uile oíche chomhairtí na príosúnaigh.
Seo é an bealach a bhí ag na Tans leis an gcomhaireamh a dhéanamh.

Thagadh Tan isteach agus ligeadh sé béic “Stand to your beds.”
Sheasadh na príosúnaigh in aice lena gcuid leapacha agus bhí sé an-éasca ansin iad a chomhaireamh.

Oíche amháin bhí an Fear Gaelach sa chúinne ag plé cúrsaí gramadaí le príosúnach eile.
Tháinig Black and Tan isteach agus lig sé béic “Stand to your beds.”
Sheas gach uile dhuine le taobh a leapacha ach amháin an Fear Gaelach.
Chonaic an Black and Tan leaba amháin agus gan don duine ina sheasamh in aice léi.

Lig sé béic as “Who owns this bed?”
D’fhreagair an fear Gaelach bacach agus bhí sé ag siúl suas chuige agus bhéic sé “Is liomsa í.”
Ní dóigh, ní raibh a fhios ag an Tan go bhfuair sé freagra fiú amháin agus lig sé béic eile “Who owns this blasted bed?”


Anois, bhí an Fear Gaelach bacach agus bhí sé ag siúl suas chuige agus bhéic sé arís “is liomsa í.”

Ní raibh a fhios ag an Tan go bhfuair sé freagra agus lig sé béic uafásach as “Who owns this so and so bed?”

Faoin am sin bhí an Fear Gaelach in aice leis agus lig sé béic isteach i straois an Tan go feargach air agus dúirt sé: “Is liomsa í.” D’fhéach an Tan go feargach air agus dúirt sé: “I don’t care whether there’s lumps in it or not – get into it.”



AN BÁDÓIR IS AN BEARBÓIR



Bhí bádóir i nGaillimh uair.

Lá amháin bhí sé ar meisce.

Bhí sé faoi ghruaig is faoi fhéasóg.

Chuaigh sé isteach chuig an mbearbóir agus dúirt sé leis an mbearbóir é a bhearradh agus a ghlanadh chomh maith is chomh glan is a bhearr sé aon duine riamh, agus go n-íocfadh sé cibé ar bith céard a bhainfeadh sé de.

Bhearr agus ghlan agus d'fhiafraigh an bádóir de céard é a thuarastal, nuair a bhí sé réidh.

“Cúig phunt,” a deir an bearbóir.

Bhí deich euro ag an mbádóir ach sin é a raibh aige.

Ní raibh aon mhaith dó a bheith ag argóint leis an mbearbóir, ní ligfeadh sé pingin as na cúig phunt leis.

D'íoc an bádóir na cúig phunt agus chuaigh sé amach agus é ag caoineadh.

Casadh Dónall Ó Conaill leis ar an sráid.

D'fhiafraigh sé den bádóir céard a bhí suas, nó cén fáth a raibh sé ag caoineadh agus d'inis an bádóir dó.

“Gabh agus faigh asal” a deir Ó Conaill leis, “agus tar ar ais leis agus ceangail taobh amuigh de shiopa an bhearbóra é.”

“Nuair a bheidh se sin déanta agat tar isteach i siopa an bhearbóra agus bheidh mise istigh romhat mar finné.



Fiafraigh den bhearbóir cé mhead a bhainfidh sé díot as ucht do chomrádaí a bhearradh.

Nuair a bheidh an margadh déanta eadraibh fógróidh tú fianaise ormsa. “Ansin tabhair isteach an t-asal chuige.”

D’imigh an bádóir agus fuair sé asal agus cheangail sé taobh amuigh é.

Chuaigh sé isteach i siopa an bhearbóra agus bhí Ó Conaill istigh ann roimhe.


“Cé mhead a bhainfidh tú amach ar mo chomrádaí amuigh a bhearradh a d’fhiafraigh sé den bhearbóir.

“Cúig phunt” a deir an bearbóir,” an rud céanna a bhain mé díot féin.”

“Déanfaidh sin,” a deir an bádóir.

“A fhianaise sin ortsá,” a deir sé le hÓ Conaill.
Agus amach leis agus thug sé isteach an t-asal.

Bhí a fhios ag an mbearbóir go raibh bob buailte air agus ní aon chall dom a insint céard a rinne sé.





AN TÁILLIÚIR AGUS AN IARLAIS

Bhuel, a dhaoine uaisle, seo chugaibh an táiliúr arís. Tá mé ag dul ag insint daoibh anocht faoi na síoga nó “daoine maithe” mar a thugadh mo mhamó orthu. Ba í mo mhamó a chuir ar an eolas mé, faoi na cleasa a bhí ag na síoga agus is maith mar a sheas an t-eolas sin dom ar feadh mo shaol.

Bhí mé an lá seo ag obair i dteach i mbaile beag i measc na sléibhte.

Bhí páiste óg sa chliabhán in aice na tine.

I lár an lae chuir Bean an Tí a cóta mór uirthi agus dúirt sí liom súil a choinneáil ar an bpáiste mar go raibh sí féin ag dul ag siopadóireacht.

Ní raibh sí dhá nóimeád imithe nuair a shuigh an “páiste” suas sa chliabhán.

Céard a tharraing sé amach ach veidhlín a bhí faoin éadach aige agus thosaigh sé ag seinm ríleanna agus port chomh maith is a sheinn na Chieftains riamh iad.

Bhí mo chroí i mo bhéal le faitíos ach ní dúirt mé dada. An chéad rud eile chuala mé Bean an Tí ag teacht ar ais agus chuala an “páiste” freisin í.

Stop se den seinm agus chuir sé an veidhlín ar ais faoin éadach.

Tháinig Bean an Tí isteach agus thosaigh sí ag réiteach an tae.

Lean sí mé.

Nuair a fuair mé amuigh í cheistigh mé go géar í faoin bpáiste.

D’admhaigh sí go mbíodh sé aiteach scaití.

É tinn agus ag caoineadh agus ag cur amach





D'inis mé di céard a bhí mé ag dul a dhéanamh agus dúirt mé léi gan faitíos a bheith uirthi.

Chuamar ar ais isteach sa teach.

Chuir mé an tlú sa tine agus d'fhág mé ansin é nó go raibh sé dearg.

Ansin rug mé air agus shiúil mé i dtreo an pháiste agus an tlú dearg i mo lámh.

“A bhean an tí,” a deirimse, “nuair atá droch rud i bpáiste níl ach leigheas amháin air – breith ar an droch rud le tlú dearg agus é a tharraingt as.”

Sin é díreach an rud atá mé ag dul a dhéanamh.

Siúd amach leis an bpáiste d'aon léim amháin as an gcliabhán agus as go brách leis amach an doras.

“Gabh i leith amach in éineacht liom go gcloisfidimid agus go bhfeicfidimid,” a deirimse le bean an tí.

Amach linn.


Ba ghearr gur chualamar scread páiste san iothlann.

Anonn linn go dtí an iothlann agus céard a bhí ina luí faoin choca féir ach an buachaillín is deise agus is gleoite dá bhfaca tú riamh.

D'aithinn Bean an Tí ar an bpointe é agus rug sí ina bachlainn air.

“Ó a leanbhín, a leanbhín. Ní raibh a fhios agam go raibh na síogí tar éis thú a bhreith uaim.

Dar ndóigh bhí sí thar a bheith buíoch díomsa agus ó shin i leith níl uair ar bith dá dtéim an bealach sin nach mbíonn na mílte fáilte aici romham. Agus cad chuige nach mbeadh?





AN SAGART AGUS AN TAMADÁN

Deirtear gurb iad na trí nithe is géire amuigh:

Dealg láibe

Fiacail cú

Briathar amadáin

Bíodh sé sin fíor nó ná bíodh, iomaí uair atá “amadán” in ann freagra a thabhairt a mbíonn ciall mhaith leis.

San am fadó nuair a theastaíodh ó na sagairt faitíos a chur ar na daoine, bhagraidís go gcuiridís adharca orthu nó eireaball nó rud éigin uafásach mar sin.

Chreid go leor go raibh an chumhacht sin acu, bíodh nó ná bíodh. Bhí sagart san áit ar tógadh mise agus bhí sé chomh cantalach le dris.

Bhíodh na daoine ar uafás roimhe.

Bhí sé borb, te, teasaí is gan foighne dá laghad aige.

San am sin is ar chapall a bhíodh na sagairt ag taisteal.

Lá amháin tháinig sé isteach chuig an mbaile mór agus deifir an diabhail air.

Léim sé dá chapall taobh amuigh de shiopa.

Bhí duine ar an mbaile ar leag Dia a lámh air. Thugtaí “an t-amadán” air.

Bhí sé ag siúl síos an tsráid agus ghlaigh an sagart anall air.

“Gabh i leith,” a deir sé, “coinnigh greim ar mo chapall dom agus tabharfaidh mé scilling duit.”

Bhreathnaigh “an t-amadán” air agus chuir sé éadan neamh urchóideach air féin.

“Coinneoidh mé duit é,” a deir sé, “má thugann tú dhá scilling dom.”

Spréach an sagart.

“Coinnigh mo chapall dom,” a deir sé, “nó ghreamóidh mé don talamh thú.”

“Hm,” a deir “an t-amadán,” cad chuige nach ngreamaíonn tú an capall don talamh is ní chosnóidh sé pingin ar bith ort.”

OISÍN I DTÍR NA NÓG

Lá amháin, bhí Fionn agus na Fianna amuigh ag fiach. Ansin, go tobann, chonaic siad capall bán ag teacht ina dtreo trasna na farraige. Nuair a tháinig an capall chomh fada leo, chonaic siad go raibh cailín álainn ar a dhroim. “Cé hé tú féin?” arsa Fionn léi. “Is mise Niamh Cinn Óir, banríon Thír na nÓg,” ar sise. “Tháinig mé anseo ag lorg rí dom féin.”

“Rachaidh mé leat cinnte,” arsa Oisín, agus áthas air. Chuaigh sé in airde ar an gcapall in éineacht le Niamh agus d’imigh an capall trasna na farraige ar nós na gaoithe.

Bhí an-am ag Oisín i dTír na nÓg. Cé gur chaith sé trí chéad bliain ann, níor tháinig aois ná tinneas air i rith an ama sin. Lá amháin, dúirt sé le Niamh gur mhaith leis cuairt a thabhairt ar Éirinn chun Fionn agus na Fianna a fheiceáil arís. Dúirt Niamh go bhféadfadh sé dul agus go dtabharfadh sí an capall bán ar iasacht dó chun é a bhreith ann agus ar ais. Ach dúirt sé leis gan cos a leagadh ar thalamh na hÉireann, nó ní fheicfeadh sé Tír na nÓg níos mó.

D’imigh Oisín agus é ag tnúth lena chairde a fheiceáil arís. Nuair a tháinig sé chomh fada le tír na hÉireann, bhí ionadh air nach raibh radharc ar bith de na Fianna. Chuardaigh sé i ngach áit ach ní raibh táisc ná tuairisc orthu. Tar éis tamaill, bhuail sé le triúr fear a bhí ag iarraidh carraig mhór a bhogadh.

“A dhuine uasail,” ar siad, “an gcuideoidh tú linn an charraig seo a bhogadh?”

Bhí ionadh ar Oisín, mar bhí na fir an-bheag agus lag. “Cuideoidh mé libh cinnte,” ar seisean. Ansin, chuimhnigh sé ar na focla a dúirt Niamh leis, gan cos a leagadh ar thalamh na hÉireann. Mar sin chrom sé síos chun an charraig a ardú. Ach bhris an chríos ar dhiallait an chapaill agus thit Oisín ar an dtalamh. Rinneadh seanfhear de ar an dtoirt agus d’imigh an capall ar chos in airde trasna na farraige. Ní fhaca Oisín Tír na nÓg níos mó.





AN SCÉALAÍ AB FHEARR

Fadó, fadó, bhí Rí ann agus bhí aon iníon amháin aige.

Thaitin scéalta leis an Rí.

Thaitin siad chomh mór sin leis gur chuir se fógra amach á rá go dtabharfadh sé a iníon agus leath a ríochta don té a d'inseodh scéal nach mbeadh aon deireadh leis.

Bhí go maith is ní raibh go holc.

Bhí triúr deartháracha ina gcónaí le chéile agus chuala siad an fógra.

Dúirt an chéad deartháir go rachadh sé chuig caisleán an Rí ag insint scéil féachaint an mbeadh aon seans aige an iníon a fháil. Chuaigh.

Shuigh sé síos agus bhí sé ag insint a scéil ar feadh lae agus oíche go dtí nach raibh sé in ann dul níos faide.

Tháinig deireadh leis an scéal ansin agus chaith an Rí amach é. Lá arna mhárach chuaigh an dara deartháir chuig caisleán an Rí féachaint an mbeadh aon seans aige ar an iníon.

Thosaigh seisean ag insint a scéil agus lean sé ar aghaidh ar feadh dhá lá agus oíche go dtí nach raibh sé in ann dhul níos faide.

Tháinig deireadh leis an scéal ansina gus chaith an Rí amach é. Lá arna mhárach, chuaigh an tríú deartháir chuig an gcaisleán féachaint an mbeadh aon seans aige féin ar iníon an Rí.

Shuigh sé síos in aice leis an Rí agus seo é an scéal a d'inis sé: Bhí feirmeoir ann fadó agus bhí stór cruithneachta aige.


Lá amháin chuaigh éan isteach tríd an bhfuinneog agus thóg sí gráinne amháin cruithneachta léi.

Chuaigh sí amach agus d'fhág sí an gráinne ar an talamh amuigh.

Nuair a bhí sé sin déanta aici chuaigh sí isteach tríd an bhfuinneog arís.

Thóg sí gráinne eile cuithneachta agus chuaigh sí amach leis agus d'fhág sí an gráinne ar an talamh amuigh.

Nuair a bhí sin déanta aici chuaigh sí isteach arís agus thíg sí gráinne eile cruithneachta agus chuaigh sí amach agus d'fhág sí an gráinne sin freisin ar an talamh taobh amuigh.



Lean an scéal ar aghaidh ar feadh trí lá agus trí oíche go dtí gur tháinig fearg ar an Rí.

“Stop,” a deir an Rí, “tá mé tinn tuirseach de bheith ag éisteacht leat faoi d’éan agus na gráinní cruithneachta.


“Ní féidir liom éisteacht leat níos faide.” “ach fan, a Rí,” a deir an tríú deartháir a bhí ag insint an scéil, “níl baol orm a bheith críochnaithe fós.”

“Ach deirimse leat nach féidir liom éisteacht leat níos faide,” a deir an Rí.

“Tá go maith,” a deir an scéalaí, “tá an geall gnóthaithe agamsa.” “Tá iníon agus leath do Ríochta ag dul dom, mar d’inis mé scéal nach raibh aon deireadh leis.”

Fuair an tríú deartháir iníon an Rí agus leath na Ríochta.

Phós siad agus mhair siad go sona sásta uaidh sin amach.





AN TÁILLIÚIR AGUS AN GIORRIA

Sna seanlaethanta bhíodh táilliúirí taistil ann.

Théidís ó bhaile go baile ag déanamh éadaí do na daoine.

Dar ndóigh is iomaí rud aisteach a chonaic siad ag iad ag taisteal, agus is iomaí scéal a bhí acu faoi na hiontais uilig a chonaic siad.

Táilliúir taistil a d'inis an scéal seo dom.

Oíche amháin bhí mé i mbaile beag tuaithe agus bhí lóistín chomh gann sin go mb' éigean dom codladh ar an lochta i scioból féir.

Ní go rómhaith a chodail mé agus dhúisigh mé an-mhoch ar maidin.

D'airigh mé torann thíos fúm agus bhreathnaigh mé síos trí pholl a bhí in urlár an lochta.

Bhí bean ann agus í ag líonadh tobáin le huisce fiuchta.

Nuair a bhí an tobán líonta aici chaith sí luibheann agus smeachíoid dhearg isteach ann. Nuair a bhí sé sin déanta aici bhain sí di a cuid éadaigh agus isteach léi sa tobán. Ní túisce istigh sa tobán í na rinneadh giorria di. Amach léi as an tobán ansin agus as go brách léi.

D'fhan mé ansin ag breathnú ar feadh leathuair a chloig agus an chéad rud eile tháinig an giorria ar ais arís.

Chuaigh sé de léim isteach sa tobán agus rinneadh bean de arís.

Bhuel, ní dúirt mé dada. Lean mé ar aghaidh an lá sin ag gearradh agus ag fuáil. Chuaigh mé a chodladh san áit chéanna an oíche sin agus ar maidin go moch bhí mé i mo shuí ag faire.

Agus chomh luath is a d'imigh sí ina giorria bhain mé mo chuid éadaigh díom agus léim mé isteach sa tobán agus cosúil leis an mbean rinneadh giorria díomsa freisin. As go brách liomsa i ndiaidh an giorria eile.

D'imigh sise ar nós na gaoithe ach má d'imigh féin bhí mise chomh sciobtha céanna léi agus lean mé agus lean mé í, nó gur stop sí ar bharr cnoic.

Bhí slua mór giorriacha eile ar bharr an chnoic agus iad ina suí in ord is in eagar faoi mar a shuíonn daoine i seomra ranga.

An chéad rud eile tháinig seanghiorria amach agus sheas sé os chomhair an tslua.





Bhí an cruinniú le tosú. Ach thosaigh a shrón ag creathadh agus sheas an fionnadh ar a dhroim.

Lig sé scread uafásach as.

“Gabhaigí abhaile go beo,” a deir sé “tá strainséir inár measc.”

Bhuel, a leithéid de rí-rá agus rúille-búille!

Scaip an mórchruinniú giorriacha soir siar.

Choinnigh mé mo dhá shúil ar an mbean agus lean mé í.

Siúd abhaile chun an sciobóil í agus léim sí isteach sa tobán.

Rinneadh bean di ar an bpointe.

Ach mo léan sin é an t-am a thug mise faoi deara.

Rug sí ar an tobán uisce agus thosaigh sí á dhoirteadh.

Thuig mé ar an bpointe céard a bhí sí ag iarraidh a dhéanamh.

Dá ndoirtfí an tuisce uilig bheinn i mo ghiorria go deo.

Thug mé léim i dtreo an tobán agus bhí an t-ádhdhearg orm.

Buaileadh steall den uisce orm agus athraíodh ar ais i mo dhuine mé.

Ní dúirt mé focal léi féin ná ní dúirt sise smid liomsa.

Bhailigh mé suas mo chuid éadaigh agus mo chuid uirlisí uilig agus ‘away’ liom.

Bhí fuar allas orm leis an bhfaitíos.

D’imigh mé liom go dtí an chéad bhaile eile agus thosaigh mé ag obair ann.

Mar is iondúil bhí go leor gasúr ag breathnú orm.

An chéad rud eile thosaigh duine de na buachaillí beaga ag gáire agus ag díriú a haire ar mo mhuineál.

“Féach sin, féach sin,” a deireadh sé agus é ag scairteadh gáire.


Chuir mé mo lámh ar mo mhuineál.

An bhfuil a fhios agaibh céard a bhí ann?

Píosa mór fionnaidh - bhí cuid e mo mhuineál nár bhuail an t-uisce ceart é.

Níl aon chall dom a rá go gcaithim cochall i gcónaí anois, samhradh agus geimhreadh.





AN CAT IS AN LUCH

Fadó, fadó, bhí caint ag na beithigh.

Bhí muise, agus is iomaí argóint a bhíodh eatarthu freisin.

Bhuel, ar aon nós, ní faoi argóint atá mo scéal sa ach faoi gheallúint a bhriseadh.

Seo mar a tharla sé.

Lá amháin, bhí luch ina suí ar imeall bairille biotáille.

Bhí sí ag ól is ag ól is ag ól agus dar ndóigh de réir mar a bhí sí ag ól, bhí an bheoir ag ísliú sa bhairille.

De réir mar a bhí an bhiotáille ag ísliú is ea is mó ab'éigean don luch a cloigeann a ísliú ina diaidh.

Bhuel, bhí sí ag ísliú is ag ísliú is ag ísliú agus an chéad rud eile 'plump.'

Thit sí i ndiaidh a mullaigh síos sa bhairille.

Ó a mhac: Is beag nár phléasc a croí leis an ngeit a beaneadh aisti.

Thosaigh sí ag béicíl agus ag béicíl in ard a cinn is a gutha agus í ag iarraidh a bheith ag snámh timpeall ag an am céanna.

Chuala an cat an bhéicíl.

Léim sé suas ar imeall an bhairille agus nuair a chonaic sé an luichín ag snámh thosaigh sé ag gáire.

"Ó, ar son Dé sábháil mé," a deir an luch.

"Agus céard a thabharfaidh tú dom má shábhálaim thú" a deir an cat.

"Tabharfaidh mé cead duit mé a ithe," a deir an luch.

"An bhfuil tú cinnte?" a deir an cat.

"Ó," a deir an luch, "sin geallúint, cinnte."

"Tá go maith," a deir an cat, "Sábhálfaidh mé thú."

Ach bhí deacracht ann ansin.

Cén chaoi a shabhálfaidh sé an luch?

Shín sé amach lapa amháin ach ní raibh sé sách fada. Shín sé amach lapa eile ach ní raibh sé sách fada.

Ach ba ghearr gur chuimhnigh sé ar chleas.

D' iompaigh sé thart agus shín sé amach a eireaball.

"Beir ar m'eireaball, a luichín," a deir sé.

Rug an luichín ar a eireaball agus tharraing an cat amach as an mbairille í.

Bhain an luichín critheadh aisti féin agus as go brách léi.

"Hóra," a deir an cat, "céard faoin ngeallúint a thug tú dom?" "Á, ná bac leis an ngeallúint sin anois," a deir an luichín, bhí mé ag ól nuair a thug mé í."





NA TRODAIRÍ ÓGA

Tráthnóna aoibhinn álainn in earrach na bliana 1855, bhí beirt bhuachaill ina seasamh leo féin i bpáirc bheag taobh amuigh de chathair Torino san Iodáil. Bhí an ghrian ar tí dul faoi taobh thiar de na hAilp san iarthar, agus ní raibh le cloisteáil ach siosarnach na gaoithe sna crainn agus ceol na n-éan ag cur slán leis an lá. Ba léir go raibh na buachaillí ag fanacht le duine éigin, mar anois is arís d'fhéachaidís go himníoch i dtreo na cathrach. Ba léir, freisin, nach raibh aon mhuintearas acu le chéile, mar thugaidís suilfhéachaint fheargach nimhneach ar a chéile ó am go ham agus ní raibh focal cainte eatarthu.

Tar éis tamaill chonaic siad gasúr beag ag rith go deifreach chucu ón gcathair. Gasúr timpeall trí bliana déag d'aois a bhí ann; é círach ciúin dathúil folt dubh air agus aghaidh shoineanta.

“Is oth liom go bhfuilim déanach,” ar seisean, “ach ní raibh neart agam air. B'éigean dom éalú go ciúin na buachaillí eile, nó b'fhéidir go dteastódh uathu a fháil amach cá raibh mo thriall, agus níor theastagih uaim an t-eolas sin a thabhairt dóibh.”

“Bhí an ceart agat, a Dhominic,” arsa duine den bheirt,” agus is maith an rud é nar thug tú aon duine eile leat.”

“Gheall mé go gcoinneoinn an troid seo faoi rún,” arsa Dominic,” “agus sheas mé le m'fhocal.” Is ansin a thug sé faoi deara an dá charnán cloch.

“Le clocha atá sibh ag dul ag troid?,” ar seisean.


“Sea,” a fhreagair duine acu go gairgeach.

D'fhéach Doiminic ar na clocha arís. Clocha míra géara gránna a bhí iontu a d'fhéadfadh duine a ghortu go mór.

Ansin d'fhéach sé ar na trodairí. “Níl aon chiall leis an troid seo,” ar seisean, “déanaigí muintearas le chéile agus téigí abhaile.”

“Ní dhéanfadh mise sin,” arsa duine acu. “Dúirt an cladhaire sin gur gadaithe m'athair agus mo mháthair agus ní ligfidh mé d'aon smuicím masla a thabhairt do mo thuismitheoirí.”

“Agus dúirt tusa,” arsa an dara duine, “gur chaith mo dheartháir tamall i bpríosún. Tá fhios agat go maith nach bhfuil focal den fhírinne sa scéal sin; nach bhfuil ann ach deargéitheach.”





D'impigh Doiminic orthu arís síocháin agus muintearas a dhéanamh ach ba shaothar in aisce dó é; níor thug siad aon aird air. Bhí fíoch agus fearg orthu beirt, agus ní shásódh aon ní iad ach dul i gcochall a chéile. Cé go raibh meas agus cion acu ar Dhoiminic ní raibh siad chun ligean dó síocháin a dhéanamh eatarthu don turas seo.

Ní raibh buaite ar Dhoiminic go fóill, áfach, “Gheall sibh dom,” ar seisean, “dá gcoinneoinn an troid seo faoi rún agus gan sceitheadh oraibh, go mbeadh cead agam aon choinníoll amháin a chur oraibh.” “Is fíor sin,” arsa duine acu; “cén coinníoll é? Abair é, agus tosaímís.” “Seo é é,” arsa Doiminic, agus tharraing sé crois chéasta aníos as a póca.

“Breathnaigí ar an gcrois chéasta seo agus abraigí na focail seo. Thug Íosa Críost maithiúnas dá naimhde agus é ag fáil bháis ar an gcrois agus anois tá mise ar tí masla mór a thabhairt dósan, agus peaca mór eile a chur leis na peacaí atá déanta cheana féin agam.”

Leis sin chaith Doiminic é féin ar an talamh idir na trodairí. “Anois,” ar seisean, “ar aghaidh libh agus caithigí an chéad chloch liomsa.”

Bhí ionadh agus scanradh ar na trodairí óga nuair a chonaic siad an radhrac aisteach seo – an gasúr beag misniúil ar an talamh agu greim aige ar an gcrois chéasta.

Tháinig maolú ar a gcuid feirge.

“Ach, a Dhoiminic,” arsa duine acu, “ní fhéadfainn cloch a chaitheamh leatsa, is cara liom tusa.”

“Agus ní fhéadfainnse ach oiread,” arsa an buachaill eile,” ach éirigh as sin ar eagla go ngortófaí thú, agus lig dom díoltas a bhaint as an gcladhaire seo.”

Tar éis na cainte sin d’fhan an triúr ina dtost ach níor caitheadh cloch. I gceann tamaill bhig d’éirigh Doiminic agus labhair arís. “

Toisc gur cara libh mise,” ar seisean “ní maith libh mé a ghortú, ach is róchuma libh Íosa Críost a ghortú, cé gur dhoirt sé a chuid fola ar bhur son. Mo náire sibh!”

Ní raibh focal as an mbeirt. Ní dhearna siad ach fanacht ann ag stánadh ar an ngasúr misniúil a tháinig eatarthu.

Ansin d’iompaign duine acu ar a sháil, bhailigh a chuid leabhar agus d’imigh leis abhaile.

Níorbh fhada gur lean an buachaill eile é, agus níor fágadh ar pháirc na troda ach Doiminic Savio.





AN FOGHLAÍ BÓTHAIR

An bóthar mór ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath, bother an chóiste, mar a thugtar air, is trí Chill Uird ó thuaidh a ghabhann sé, trí lár na gcnoc. Tá na cnoic an uaigheach. Roinnt aimsire ó shin bhí siad níos uaigní go mór ná mar atá siad anois. Bhíodh foghlaí ar an mbóthar sin agus bhí sé ag robáil na ndaoine. Séamus Fréiní ab ainm dó.....

Ghluais an cóiste lá ó Chorcaigh. Bhí bean ó Bhaile Átha Cliath ar an gcóiste agus níor fhéad sí gan bheith ag caint. Níor stad a béal ach á fhiafraí de gach aon duine dá raibh ar an gcóiste ar dhóigh leis go raibh aon bhaol go mbuailfeadh Fréiní orthu.

Tá na mílte punt anseo agam,” a deireadh sí, anois is arís, “agus cad a dhéanfaidh mé in aon chor má bhuaileann sé orainn.

Chuir siad an bóthar díobh gan aon bhártháin go dtí gur fhág siad Cill Uird laistear díobh agus go raibh siad ag déanamh ar an sliabh. Nuair a bhí siad ar an áit ab uaigní den sliabh siúd chucu Fréiní. Chomh lauth agus a labhair Fréiní le fear na gcapall stad an cóiste. Tháinig Fréiní go doras an chóiste agus a phiostal ar leibhéal aige. “Sea, a chairde ionúine,” ar seisean, “ná bíodh aon achrann againn, ach sínigí amach chugam cibé airgead atá agaibh.” Bhí fear ann nár labhair puinn ó d’fhág sé Corcaigh. Bhéic sé amach agus é ag gol le scanradh, chomh luath agus a labhair Fréiní.

“Ó! A dhuine uasail,” ar seisean, agus tharraing sé amach a raibh d’airgead ina phóca agie, lán a ghlaice de mhionairgead, “sin a bhfuil d’airgead agamsa agus ná lámhach mé. Seo duit é ach gan mé a mharú. Níl a fhios agam an mór an t-airgead atá ag aon duine eile anseo, ach féach, tá míle punt ag an mbean uasal sin ansin. Sín chuige an míle punt sin atá agat, a bhean uasal, i dtreo nach lámhachfaidh sé sinn!”

B’éigean di an míle punt a thabhairt do Fréiní. Bhí Fréiní ag gáire agus a chúis aige. Ní dheachaigh sé ródhian ar an gcuid eile acu. Thóg sé cibé a thug siad dó agus d’imigh sé.




Ansin is ea a bhí an chaint ag an mbean a chaill an míle punt.
Níor stad a béal ach ag spídiúchán ar an bhfear a sceith uirthi.
Níor labhair seisean a thuilleadh.

Shroich siad Baile Átha Cliath. Chomh luath agus a stad an
cóiste istigh sa chathair, chuir an fear ciúin a lámh ina phóca
agus tharraing sé amach blúire páipéir agus shin sé chun bean
na cainte é.

“Seo,” ar seisean, “sin é do mhíle punt agat.”

Ordú míle punt ar Bhanc Bhaile Átha Cliath ba ea an blúire
páipéir.

“Féach,” ar seisean, “tá deich míle punt aneo agamsa, agus tá an
t-airgead sina gam á thabhairt anseo ó Bhanc Chorcaí go dtí
Banc Bhaile Átha Cliath. In ór atá sé agam. Mura mbeadh tusa
agus do mhíle punt bhí mo dheich mhíle imithe uaimse.”





FOLCADH ÍOSA



San am a raibh Muire agus Iosaif ag teitheadh leis an leanbh Íosa ó Iorua tharla go leor leor eachtraí dóibh. Tharla an t-eachtra seo oíche amháin tar éis dóibh a bheith ag siúl ar feadh an lae tríd an ngaineamhlach. Bhí siad an-tuirseach ar fad agus iad clúdaithe le gaineamh agus le dusta.

Thug siad faoi deara tine agus campa a bhí píosa maith uathu. Chuaigh siad chomh fada leis an gcampa agus d'iarr siad cead fanacht cois tine ar fead na hoíche. Nuair a bhí siad tamall ina suí cois tine thuig Muire agus Iosaife gur campa robálaithe a bhí ann ach ní raibh aon fhaitíos orthu mar bhí siad féin chomh bocht sin is nach mbacfadh robálaithe leo.

Bhí bean amháin ann agus bhí sí ag réiteach folchta dá leanbh. Bhí sí díreach ag cur a páiste isteach sa tobán nuair a thug sí faoi deara chomh salach is a bhí an leanbh Íosa.

“Bíodh folcadh ag do mhacsa i dtosach,” a deir sí le Muire, “tá lobhra ar mo mhacsa agus níor mhaith liom go bhfaigheadh do pháistesa an galar as an uisce.” Bhí go maith.

Nigh Muire Íosa.

Nigh an bhean a mac san uisce céanna agus díreach nuair a thóg sí a páiste as an tobán glanadh an lobhra de agus leigheasadh é.

Tríocha bliain ina dhiaidh sin nuair a bhí Íosa céasta ar an gcrois, bhí robálaí ar chros in aice leis.

Sula bhfuair sé bás dúirt an robálaí go raibh brón air faoina pheacaí agus rinne sé aithrí.

Mhaith Íosa a pheacaí dó agus dúirt sé leis go mbeadh sé ar Neamh in éineacht leis an lá sin.

Ba é an robálaí sin an páiste a leigheasadh tríocha bliain roimhe sin.



CÉ ACU A BHÍ CAOCH?



Bhí cailín sa bhaile seo againne uair amháin agus b'áláinn agus ba ghleoite an cailín a bhí inti.

Ach diabhal mórán spéise a chuir sí féin ionainne.

Ach bhí beirt ar an mbaile gur chiur sí spéis iontu – gabha agus táiliúir.

Nuair a thosaigh sí ag coinneáil comhluadair leis an ngabha, tháinig éad damanta ar an táiliúir.

Chas an táiliúir uirthi ar an mbóthar lá amháin agus d'áitigh sé uirthi.

“Cén fáth sa diabhal a mbíonn tú ag siúl leis an bplobaire de ghabha sin?”

“Nach bhfuil a fhios agat go bhfuil se caoch?”

“Níl sé, ná caoch,” a dúirt an cailín.

“Bhuel, téigh ag breathnú air ag obair sa chéarta,” a deir an táiliúir.

“Agus céard a fheicfidh mé?,” a deir an cailín.

“Feicfidh tú go mbuailfidh sé trí bhuille ar an inneoinn in aghaidh gach uile bhuille a bhuaileadh sé ar an iarann, deir an táiliúir.

Bhí imní agus amhras ar an gcailín ar an bpointe.

An chéad seans a fuair sí thug sí cuairt ar an ngabha agus é ag obair sa chéarta.

Dar ndóigh ba ghearr gur thug sí faoi deara go raibh an ceart ag an táiliúir nuair a thosaigh an gabha ag obair. In aghaidh gach uile bhuille a bhuaileadh sé a ran iarann bhuaileadh sé trí bhuille ar an inneoin.

“Ara, tá an plobaire sin caoch,” a deir sí léi féin. “Tosnóidh mé ag siúl leis an táiliúir feasta.”

Bheadh an scéal maith go leor, agus tá me cinnte gur ag an táiliúir a bheadh an cailín álainn, mar bhean chéile, murach fad a bheith ar a theanga.

Thosaigh sé ag maíomh lena chairde agus ag déanamh gaisce faoin gcleasa d'imir sé ar an ngabha.

Bhuel, ba ghearr gur imigh an scéal thart agus mar a deir an seanfhocal: “Nuair is scéal triúr é, ní scéal rúin é.”

Chuala an gabha faoi.

D'fhan sé go bhfuair sé deis labhairt leis an gcailín.

“Nach bhfui a fhios agat,” a deir sé léi, nuair a casadh ar a chéile iad, “go bhfuil an táiliúir sin atá agat caoch?”

“Cén fáth a ndeir tú sin liom?, a deir sí.



“Téigh ag breathnú air nuair a bheidh sé ag cuardach a shiosúir.”
Cén útamáil a bheidh air nuair a bheidh sé ag cuardach a shiosúir.”
D’imigh an cailín, mar a bhuaifí ar an gcluas í.

Suas léi chuig siopa an táiliúra.

Bhí an táiliúir ina shuí ag a bhord agus a chosa trasna faoi agus é ag obair leis ar a mhíle dícheall.

Bheannaigh siad dá chéile agus shuigh sí féin síos ag coinneáil súil ghéar air.

Lean an táiliúir leis ag fuáil.

Nuair a bhí píosa den éadach fuaite, bhí eireabailín rófhada air.

Theastaigh uaidh é a ghearradh. Chuaigh sé ag cuardach a shiosúir.

Ach bhí an siosúr clúdaithe ag an éadach eile ar an mbord.

Bhuaileadh sé a lámh anuas ar an éadach agus anonn is anall agus é ag rá leis féin go beag:

“Cá bhfuil an siosúr sin?” “Cá bhfuil an siosúr sin?”

B’shin é a dóthain.

D’imigh an cailín.

An bhfuil a fhios agaibh nár phís sí riamh ó shin.

Nárbh í an óinseach í.





UISCE NA GCOS

Bhuel, a chairde, is iomaí athrú tagtha ar an saol ó bhí mise óg. Níl aon chaill dom dul amach as an teach seo le cuid de na hathruithe a léiriú daoibh.

Cuir i gcás tá seomra folctha againn anois.

Tá buacairí againn leis an uisce a thabhairt isteach sa teach agus tá píopaí againn le hé a ligean amach.

Sin rudaí nach raibh ann nuair a bhí mise óg.

Agus cuireann na píopaí céanna scéal faoi na síogaí i gcuimhine dom.

Fadó, nuair a bhímís ag caitheamh amach an uisce san oíche, deirmís i gcónaí “Chugaibh; Chugaibh.”

Chuir mé féin ceist ar mo mháthair cén fáth a gcaithfimis

“Chugaibh; Chugaibh” a rá.

“Ó,” a deir sí, “níl ann ach béasa – bheadh faitíos orainn go mbáfaí na síogaí.”

Ansin thosaigh sí ag insint scéil dom.

“Tá a fhios agat,” a deir sí “go bhfuil rial dhaingean ann go gcaithfidh tú an-uisce ar níodh na cosa ann a chaitheamh amach gach uile oíche.”

Bhuel, oíche amháin nuair a bhí mise óg, rinne mé féin dearmad ar uisce na gcos a chaitheamh amach.

Bhíomar imithe a chodladh nuair a tháinig glaoch ón taobh amuigh

“Oscail an doras (a)uisce na gcos.” “Oscail an doras (a) uisce na gcos.”

Lean an guth ar aghaidh ag rá “Oscail an doras (a) uisce na gcos.” Agus bhíomar uilig anseo sa chistin agus sinn i greim ina chéile le teann faitís.

An céad rud eile d’oscail an doras uaidh féin agus siúd isteach i lár an urláir slua cailíní.

Bhí súile breátha gorma iontu agus gruaig álainn fhionn síos go dtína mbáistí orthu. Rug duine acu ar thuine agus thosaigh sí ag sníomh go dtí go raibh an teach beagnach lán le snáth.

Faoi dheireadh tháinig cineál misneach chugam féin.


Rug mé ar bhí céad de leithscéal agus dúirt mé “tá mé ag dul ag iarraidh braon uisce go ndéanfaidh mé braon tae.”

Shleamhnaigh mé amach go cúthail agus as go brách liom sna cosa in airde chuig Bean Feasa a bhí ina cónaí trasna na ngarraithe.



Bhí a fhios agam go mbeadh sise in ann comhairle a chur orm. Agus chuir. Nuair a tháinig mé ar ais thosaigh mé ag ligean orm féin go raibh mé ag réiteach an tae. An chéad rud eile bhreathnaigh mé amach an fhuinneog agus lig mé screech “Ó a dhiabhail,” a deirimise, “tá Sliabh na mBan trí thine.” Bhuel, a leithéid de ghleo.

Thosaigh na síogaí ag screadach is ag síonaíl, is ag béiceach, is ag caoineadh, agus is beag nár thug siad ursain an dorais leo ag imeacht. Níl aon chaill dom a rá nach ndearnadh dearmad ar uisce na gcós a chaitheamh amach sa teach seo ina dhiadh sin.





AN EARC LUACHRA

Shílfeá gur mac leis an gcrocodíl an earc luachra.

Is dóigh go bhfuil gaol aige leis ar aon nós.

Nuair a bhí mise óg, cuireadh go leor comhairlí orainn i gcónaí faoin earc luachra.

Ceann de na comhairlí sin ab ea gan ól díreach as tobar ach an t-uisce a thógáil inár gcuid lámha.

Bhuel, ar aon nós, bhí cara agamsa nuair a bhí mé óg agus ba é an mac dóchomhairleach é.

Lá amháin bhíomar tar éis cluiche crua peile a imirt.

Bhíomar an-tuirseach go deo agus sinn báite le hallas.

Céard a rinne mo chara ach luí ar a bhéal faoi agus tosú ag ól díreach as an tobar.

Bhí go maith agus ní raibh go holc.

Cúpla lá ina dhiaidh sin thug máthair mo chara faoi deara go raibh sé ag ithe agus ag ithe agus ag ithe agus nárbh fhéidir é a shásamh.

Mar a deirtear “d’íosfadh sé an tuí as an srathair nó an tslinn de Theach na mBocht.”

Bhí a mháthair cráite aige.

Ba ghearr ina dhiaidh sin go raibh sí scanraithe aige.

Bhí, agus an clann ar fad.

Lean sé air ag ithe is ag ithe agus é i gcónaí ag iarraidh tuilleadh.

Chuir siad fios ar an dochtúir.

Ansin chuimhnigh a dhaidí go raibh an-eolas ag mo Mhamó ar leigheasanna agus ar luibheanna agus chuir siad fios uirthi.

Tháinig sí.

Chuir sí an-lear ceisteanna.

Dúirt sí ansin go raibh sí in ann mo chara a leigheas ach go gcaithfidís lániontaibh a bheith acu aisti.

“Tá go maith,” a deir sí.

“Ná tabhair rud ar bith le hithe dó ná deoch ar bith le hól dó go dtiocfaidh mé ar ais,” agus d’imigh sí.

Bhuel, bhí mo chara i ndroch-chaoi ansin.

Bhí sé stiúctha leis an ocras agus spalptha leis an tart agus cé go raibh an-trua ag a mhuintir dó bhí siad tar éis geallúint a thabhairt do mo mhamó go leanfaidís a cuid orduithe agus níor tugadh dada le hithe ná le hól dó.

Faoi cheann trí lá tháinig mo mhamó ar ais.



“Ceangail a chosa,” a deir sí, “agus croch as an síleáil é.”

Rinne siad amhlaidh. Rug sí ar an bhfriochtán.

Chuir sí roinnt slisíní bagúin air agus choinnigh sí an friochtán os cionn na tine nó go raibh siad ionann is a bheith friochta.

Dar ndóigh bhí boladh breá ón bhfriochtán.

Anonn léi ansin agus leag sí an friochtán ar an urlár díreach faoi chloigeann mo chara.

An bhfuil a fhios agaibh céard a tharla ansin?

Léim an earc luachra, a bhí slogtha i ngan fhios dó féin, amach as a bhéal agus anuas ar na slisíní bagúin agus thosaigh sé á n-alpadh.

Ach bhí mo mhamó réidh chuige.

Leag sí pota mór anuas ar a bhéal faoi os a chionn.

Níor mhaith liom a insint daoibh cén bás a thug sí don earc luachra ina dhiaidh sin.



AN PÁISTE A FUADAÍODH

Bhí fear ann uair amháin agus ba chearrbhach é.
Bhíodh sé ag imirt cártaí gach uile oíche agus ba dheireanach a thagadh sé abhaile chuig a athair is a mháthair.
Oíche amháin bhí sé ag teacht abhaile an-deireanach.
Chonaic sé bean strainséartha ina seasamh taobh amuigh d'fhuinneog oscailte theach na gcomharsan.
Chomh luath agus a thug an bhean faoi deara go raibh sé ag breathnú uirthi d'imigh sí.
Sheas sé féin taobh amuigh den fhuinneog ansin.
An chéad uair eile síneadh páiste chuige tríd an bhfuinneog.
Chroch sé leis an páiste abhaile agus dhúisigh sé a mháthair.
Dúirt sé lena mháthair go gcaithfí aire mhaith a thabhairt don pháiste agus shuigh an bheirt acu a fhaire go maidin.
Ar maidin lá arna mhárach chuaigh sé go dtí teach na gcomharsan.
Bhí brón agus olagón ar fud an tí mar bhí páiste tar éis bháis an oíche roimhe.
Thosaigh mo dhuine ag rince is ag gabháil fhoinn agus ag ealaín ar fud an tí.
D'ionsaigh Bean an Tí é.
“Is mór an náire duit,” a deir sí.
“Cén bhrí ach is tú a chuaigh chun baistí leis.”
“An bhfuil fód móna istigh?” a deir mo dhuine.
Síneadh fód móna chuige.
Chuir sé sa tine é go raibh sé dearg.
Rug sé ansin air leis an tlú agus rinne sé ar an gcorp.
“Is gearr a bheidh tusa ansin,” a deir sé leis an gcorp.
“Ní dhófar mise ar chuma ar bith,” arsa an corp agus d'éirigh sé agus d'imigh sé de léim amháin amach an fhuinneog.
“Siúil uait anois, a bhean an tí,” a deir mo dhuine “tá do pháiste slán sábháilte agamsa sa bhaile.”
Shiúil. Nuair a thug sé di a páiste dúirt sé léi “Ná bíodh an oiread sin codlata ort feasta.” An bhfuil a fhios agaibh gur fhág na síogaí marc ar an gcréatúirín ina dhiaidh sin féin? D'fhág. D'fhág siad súil amháin dubh air agus an tsúil eile bán.





AN SEANFHEAR AGUS AN MINISTER

Bhí seanfhear ann uair amháin.

Seanfhear an-diaganta a bhí ann.

Buaileadh suas le pianta cnámh agus scoilteacha é.

Théadh sé chuig an Aifreann gach uile mhaidin.

Ach nuiar a buaileadh suas é b'éigean dó an t-asal a thabhairt leis gach uile mhaidin.

Maidin amháin d'éirigh an seanfhear agus réitigh sé é féin le dul chuig an Aifreann ach ba ghearr go bhfuair sé amach go raibh an t-asal imithe.

B'éigean dó é a chuardach.

Chuardaigh sé agus chuardaigh sé agus sa deireadh thiar thall fuair sé é. Ach mo léan: Cén áit a riabh an t-asal ach istigh i ngáirdín an Mhinistir.

Bhí, agus bhí go leor leor scrios déanta aige.

Bhí an Ministir ar buile agus le báiní.

Bhí sé le haghaidh an dlí a chur ar mo dhuine bocht.

Dúirt an seanfhear leis nach raibh aon mhaith dí ann mar nach mbainfeadh sé aon bhlas de.

“Bainfidh mé rud éigin díot,” a deir an minister, “nó gabhfaidh tú i bpríosún.”

“Dona go leor,” a deir an seanfhear.

“an bhfuil a fhios agat, a deir an minister, “céard a dhéanfaidh mé leat?

“Déanfaidh mé margadh leat.”

“Bíonn tú ag dul chuig an Aifreann gach uile mhaidin, nach mbíonn?

“Bíonn,” a deir an seanfhear.

“Bhuel, má thagann tú chugamsa gach uile mhaidin feasta in áit dul ar Aifreann, ní bhacfaidh mé níos mó le céard atá millte ag an asal.”

“Tá go maith,” a deir an seanfhear, “tá mise sásta.”

Bhí go maith is ní raibh go holc.

Maidin lá arna mhárach chroch an seanfhear an t-asal leis chuig an Aifreann agus ar a bhealach abhaile stop sé ag an teampall Gallda.

Cheangail sé an t-asal taobh amuigh agus isteach leis agus shiúil sé síos agus aníos.

Maidin lá arna mhárach rinne sé an rud céanna agus le scéal fada a dhéanamh gearr bhí sé á dhéanamh in imeacht coicíse agu ar ndóigh ní raibh sé á dhéanamh gan fhios don Mhinistir.



Maidin amháin ar aon chaoi, bhí an minister amuigh roimhe.

“Nár gheall tú dom,” a deir sé, “go dtiocfá chugam gach uile mhaidin”

“Agus nach bhfuil mé ag teacht chugat gach uile mhaidin?” a deir an seanfhear.

“Tá tú?” a deir an mhinistir, ach tá tú ag dul chuig an Aifreann ar dtús.”

“Ó tá mé,” a deir an seanfhear. “Táim ag dul chuig an Aifreann le m’anam a shábháil agus tá mé ag teacht chugatsa le m’asal a shábháil.”





CEARRBHACH NA CRAOIBHE

Bhí cearrbhach ann fadó a dtugaí Cearrbhach na Craoibhe air.

Níorbh fhéidir é a bhualadh ag imirt cártaí.

Bhíodh sé ag imirt cártaí gach uile oíche agus bhí fir na tire bánaithe aige.

Rinne na mná tí casaoid leis an sagart faoi.

D'fhógair an sagart den altóir gan é a lligint isteach in aon teach ag imirt níos mó.

Níor ligeadh isteach in aon teach ag imirt ansin é.

Lá amháin buaileadh síos tinn seanbhean a bhí ar an mbaile.

Cuireadh buachaill óg faoi dhéin an tsagairt.

Nuair a bhí an buachaill óg ag rith faoi dhéin an tsagairt cé casadh dó ach Cearrbhach.

“Cá bhfuil do dheifir?” a deir Cearrbhach.

“Tá mé ag dul ag iarraidh an tsagairt, a deir an buachaill.

“Maith le déanamh,” a deir an Cearrbhach.

Bhuail Cearrbhach isteach. Fuair sé bord.

Shocraigh sé an bord ar leataobh an bhóithrín.

“Ceannsóidh mise an tAthair Máirtín,” a deir sé leis féin.

Rinne sé dhá charnán airgid agus thosaigh sé ag imirt.

Tháinig an sagart.

“Ag imirt i gcónaí, a Chearrbhaigh,” a deir an sagart.

“Sea muise, A Athair, ag imirt amuigh ó stop tusa mé ó bheith ag imirt istigh,” a deir Cearrbhach.

“Is cé a bhfuil tú ag imirt,” a deir an sagart.

“Tá mé ag imirt Dia,” a deir Cearrbhach.

“Agus cé atá ag gnóthú?,” a deir an sagart.

“Tá punt ag Dia orm,” a deir Cearrbhach.

“Cé a bhéarfaidh chuige é?,” a deir an sagart.

“Tusa ar ndóigh. Nach tusa a theachtair ar an talamh?, a deir Cearrbhach.

“Is mé, is dóigh,” a deir an sagart.

“Seo duit punt, a deir Cearrbhach.

Chuir an tAthair Máirtín an punt ina phóca agus d'imigh leis.


Ar fhilleadh dó bhí Cearrbhach ar a dhícheall ag imirt.

“Cé chaoi a bhfuil an imirt ó shin?,” a deir an sagart.

“Chuaigh an imirt go maith domsa ó shin. Tá deich bpunt agam ar Dhia.”

“Tabhair dom mo dheich bpunt,” a deir Cearrbhach.

“Ní thabharfaidh mé,” a deir an sagart. “Sin agat do phunt féin.”
“Ní bheidh aon phlé agam leat, a Athair,” a deir Cearrbhach.
“Dá mbeadh deich bpunt ag Dia orm thógfá é.
Ach bhí an t-ádh orm ó shin agus níor ghnóthaigh Dia ach cúig amháin agus tá deich bpunt agam Air.
“Lig liom,” a deir an sagart, “agus fógróidh mé den altóir Dé Domhnaigh cead isteach.





COR IN AGHAIDH AN CHAIM

Uair amháin chuir Rí Shasana fios ar an nGobán Saor.

Dúirt sé leis gur theastaigh uaidh go dtógfaí an Caisleán ab airde agus ab áille agus ab fhearr ar an domhan ar fad dó.

Dúirt sé leis gur chuala sé an-cháil ar an nGobán mar fhear céirde agus go raibh sé sásta an job a thabhairt dó má bhí an Gobán sásta.

“Tá mé sásta,” a deir an Gobán agus thosaigh sé féin agus a mhac ag obair láithreach.

Lean siad ar aghaidh ag obair agus ag tógáil an chaisleáin go dtí go raibh sé ionann is a bheith críochnaithe acu.

A fhad is a bhí an obair ar siúl, d’éirigh mac an Ghobáin an mhór le buitléir an Rí.

Bhídís ag ól in éineacht go minic agus oíche amháin nuair a bhí an buitléir ar bhog meisce, d’inis sé do mhac an Ghobáin faoin bplean a bhí beartaithe ag an Rí.

“Tá plean aige,” a deir sé.

“Tá sé i gceist aige an bheirt agaibh a chur chun báis chomh luath is a bheidh an caisleán tógtha agaibh.”

“Is cad chuige a bhfuil sé le sinn a chur chun báis?” a d’fhiafriagh mac an Ghobáin.

“Bhuel, sa chaoi is nach mbeidh sin in ann caisleán chomh hard, is chomh hálainn is chomh maith a thógáil d’aon rí eile,” a deir an buitléir agus é ag gáire.

Dar ndóigh d’inis mac an Ghobáin dá athair céard a bhí beartaithe ag an Rí.

Chuimhnigh an Gobán ar sheift.

Chuaigh sé chuig an Rí.

“A Rí,” a deir sé, “tá an caisleán ionann is a bheith tógtha, ach tá rud amháin eile ag teastáil le haghaidh slacht speisialta a chur air.”

“Ach, le haghaidh an slacht sin a chur air, teastaíonn uirlis speisialta uaim.”

“Seo é an chaoi a bhfuil an scéal: d’fhág mé an uirlis speisialta sin i mo dhiaidh sa bhaile.”

“Rachaidh mé féin is mo mhac abhaile ina coinne agus beimid ar ais faoi cheann coicíse.”

“Ara, ná bac le dul abhaile á hiarraidh,” a deir an Rí.

“Cuirfidh mise fios uirthi, agus féadfaidh sibhse leanúint ar aghaidh ag obair.”

“Ach is uirlis speisialta í, a Rí,” a deir an Gobán.





“Ní do gach uile dhuine a thabharfaidh mo bhean í,” “Dá gcuirfeá do mhac féin agus saighdiúir leis á hiarraidh, thabharfadh sí dó í.”

“Tá ainm an-chasta uirthi chomh maith agus níorbh fholáir duine cliste a bheith agat le cuimhneamh air.”

“Tá go maith,” a deir an Rí, “cuirfidh mé mo mhac á hiarraidh.”

“Cén t-ainm atá ar an uirlis?”

“Ó sea,” a deir an Gobán, “Cor in aghaidh an chaim agus cam in aghaidh an choir agus cas ansin an t-ainm atá uirthi.”

Bhí go maith agus ní raibh go holc.

D’imigh mac an Rí agus an saighdiúir go hÉirinn i gcoinne na huirlise. Nuair a chonaic bean mhic an Ghobáin an bheirt ag teacht agus gan a fear ná athair in éineacht leo, d’éirigh sí amhrasach.

D’inis siad a scéal di.

Ansin chuir sí ceist orthu.

“Cén t-ainm atá ar an uirlis? A deir sí.

Cor in aghaidh an chaim agus carn in aghaidh an choir agus cas ansin,” a deir mac Rí Shasana.

Thuig sí ar an bpointe boise céard a bhí ar siúl.

“Ó,” a deir sí, “tá an uirlis sin thíos a síléar.”

Anonn léi agus d’oscail sí doras an tsiléir.

“Seas leat,” a deir sí le mac Rí Shasana.

Ní túisce mac Rí Shasana leath bealaigh síos staighre an tsiléir ná dhún sí an doras air agus chas sí an eochair sa ghlas.

“Anonn leat chuig an Rí anois,” a deir sí leis an saighdiúir,”

“agus abair leis más áil leis a mhac a fháil ar ais slán, mo fhear céile agus a athair a scaoileadh abhaile go beo chugam.”

D’imigh an saighdiúir.

Scaoileadh abhaile an Gobán Saor agus a mhac.

Anois nárbh é mac an Ghobáin a bhí bródúil as a bhean?





POLAITÍOCHT

Bhí beirt pholaiteoirí ina gcónaí in aice a chéile uair amháin. Bhí an dearg-ghráin acu ar a chéile agus bhí an éad acu le chéile freisin. Tugaimís Seán agus Liam orthu.

Gach uile uair a chrochadh Seán suas póstaer stróictí anuas é san oíche.

Bhí Barúil mhaith ag Seán gurbh é Liam a bhí ag stróiceadh, ach ní raibh aon fhianaise aige faoi, rud a bhí á chrá go mór.

Lá amháin chroch Seán suas póstaer agus d'imigh sé ar aghaidh go dtí an chéad bhaile eile.

Ar a bhealach ar ais an tráthnóna sin casadh duine dá lucht leanúna air.

D'inis an duine sin dó go bhfaca sé Liam ag stróiceadh a phóstaeir an lá sin.

Bhí ard-áthas ar Sheán.

"Faoi dheireadh," a deir sé, tá finné agam."

"An dtiocfaidh tú chun na cúirte le fianaise a thabhairt gurbh é Liam a stróic mo phóstaer?"

"Ní thiocfaidh, cé gur mhaith liom a theacht.

"Ach ní fhéadfainn."

"Is cad chuige?" a deir Seán.

"Bhuel," a deir an fear, "tá mé ag fáil phinsean na ndall agus is tusa an fear a fuair dom é."





AN FEAR CÉILE BÁITE

Bhí triúr fear ag teacht abhaile ó Árainn go Dúlainn i mbád uair amháin. D'éirigh gála gaoithe nuair a bhíodar i ngar do thalamh. D'iompaigh an bád béal faoi le fórsa na gaoithe agus caitheadh an triúr amach ar an bhfarraige. Shnámh beirt acu go talamh ach bád an fear eile.

Ba mhór an brón agus an olagón a bhí ar mhuintir na dúthaí, toisc gur cailleadh fear breá agus gur fágadh a bhean agus beirt garsúin gan athair.

Nuair a tháinig Oíche Shamhna, bhí an bhean agus an bheirt garsún ina gcodladh sa chistin nuair a chuala siad coiscéimeanna ag teacht i dtreo an dorais. Ardaíodh an laiste agus cé bheadh ann ach an fear céile a bhí báite mí roimhe sin.

Ar chúis aisteach níor bhrath an bhean scáth ná eagla uirthi. Léim sí as an leaba agus rug greim docht ar an bhfear a bhí ina sheasamh i lár an urláir agus dúirt sí nach ligeadh sí dó imeacht uaithi go deo arís. Dúirt sé nach raibh aon mhaith di a bheith leis mar gur taibhse a bhí ann agus go gcaithfeadh sé bheith ar ais ag an lios roimh méanoíche.

Ach ar seisean “Beidh slua sí ag dul ó lios amháin go lios eile istoíche amárach, Oíche Shamhna. Téir síos chuig port na habhann maidin amárach. Faigh an luibh meacain atá ag fás ann. Tabhair abhaile é agus beirigh í agus ansin déan cnapán de. Beidh mise agus an slua sí ag dul trasna na páirce móire agus beidh mé ar an dara duine deireanach ag marcaíocht ar chapall bán. Caith cnapán liom. Titfidh mé den chapall agus beidh mé leat arís go deo.”

Dhein sí gach a ndúirt sé agus Oíche Shamhna bhí sí thíos ag an bpáirc mhór agus chonaic sí an slua sí ag dul thar bráid agus an capall bán ar an dara ceann deireanach díobh. Ach thit a croí nuair a chonaic sí gur leipreachán a bhí ag marcaíocht ar an gcapall bán.



Bhí fear breá ar an gcapall deireanach agus chaith sí an cnapán leis. Thit sé den capall agus déanadh abhac de láithreach. Níorbh é a fear céile a bhí ann.

Ba chúis bróin mór di an eachtra mar go gcaitheadh sí fanacht go ceann bliana eile nó go dtiocfadh Oíche Shamhna arís agus go bhfeicfeadh sí an slua sí ag dul thar bráid arís. Bhí an cnapán réitithe aici agus chaith sí leis an bhfear ar an gcapall bán.

Thit sé den chapall agus b'é a fear céile a bhí ann. Scaoileadh é ó greim na sí agus tháinig sé ar ais chuici go slán sábháilte.



TRIÚR FEAR I MBÁD Ó DHÚLAINN GO ÁRAINN

Chuaigh Mícil, Tom agus Jeaic i mbád ó Árainn go Dúlainn chun roinnt siopadóireachta a dhéanamh don teaghlach.

Cheannaigh siad mála plúr, mála beag úll d'Oíche Shamhna agus ina theannta cheannaigh siad bord beag agus cathaoir. Chuir siad na rudaí go léir sa mbád agus thosaigh siad ag iomramh ar ais abhaile go hÁrainn.

Nuair a bhíodar amuigh i lár na farraige bhraith siad an bád á tuairteáil anonn is anall san uisce agus gan aon smacht acu air leis na maidí rámha. Céard a bheadh ann ach iasc mór bán agus an cuma air go slofadh sé iad féin agus an bád.

Bhuail sceoin mór iad agus dúradar go gcaithfidís amach na rudaí a bhí ceannaithe acu féachaint an sásódh aon rud an tiasc mór. Caitheadh amach an chathaoir, ach níor shásaigh sin é, caitheadh amach an bord ach níor shásaigh sin é, agus ina dhiaidh sin chaith siad amach an mála plúr agus an mála úll, ach má chaith lean an t-iasc mór ag ionsaí an bháid.

Thuigeadar ansin go mbeadh ar dhuine díobh féin dul amach sa bhfarraige chun an t-iasc mór a shásamh.

Chuireadar ar chrannaibh é agus is ar Mhicil a thit an crann go gcaithfí isteach san uisce é. Chaith siad isteach sa bhfarraige é, d'alp an t-iasc mór é agus d'imigh an bheirt fhear eile slán abhaile go hÁrainn.

Trí lá ina dhiaidh sin chuala an bheirt fhear an gleo mór thíos ag an trá. Chuadar síos chun a fheiscint cad a bhí ag tarlú agus céard a bhí ann, ach an t-iasc mór caite aníos ar an trá agus é mín marbh. D'oscail siad bolg an éisc mhóir agus cé bheadh istigh ann ach Micil, é ina shuí ar chathaoir ag an mbord agus é ag ithe cáca úll.



AN TEACH NÁR TÓGADH

Bhí fear siúl agus a bhean amuigh ag iarradh déirce lá. Uibheacha a bhí á bhfáil acu óna feirmeoirí. Nuair a bhí trathnóna ann agus iad ag filleadh ar ais shuigh siad síos ar thaobh an bhóthair ag cur síos ar eachtraí an lae. Bhí na huibheacha i gciseán lena nais agus is iad a bhí sásta le hobair an lae.


Thosnaigh an bhean ag caint-“ táim an sásta le hobair an lae . Cuirfidh mé a bhfuil d’uibheacha anseo faoi chearc agus beidh ál breá sicíní agam.

Nuair a mhéadóidh siad suas tosnóidh siad san ag breith. Nuair a thiocfaidh an bhliain nua beidh mé in ann fiche ál a chur síos. Beidh san ag dul ar aghaidh ó bhliain go bliain nó go mbeidh mé im bhean shaibhir.

Ansan beidh mé in ann teach breá a thógáil in aice leis an mbaile mór. Cuirfidh mé an troscán is áille dá bhfaca éinne riamh ann. Ansan tabharfaidh mé cuireadh do mo ghaoilta agus mó cháirde go léir agus beidh fleá agus féasta againn...

“Go reidh , a bhean, go reidh” arsa an fear, “is liomsa an teach agus déanfaidh mé mar is mian liom leis agus ná síl go gcruinneoidh tú bacaigh na háite ann chun é a mhilleadh orm, tú féin agus do ghaoilta.”

Leis sin chorrigh sé é féin suas agus de thimpist bhuail a chos in aghaidh cisean na nubh agus bhris sé a raibh ann díobh. B’shin deireadh leis an teach breá.






BEART GLIC

Bhí duine uasal ag taisteal na tíre lá amháin agus capall breá faoi. Oíche amháin chuir se faoi i dteach ósta agus é fuar fliuch. Ar dhul isteach dó thug sé faoi deara go raibh scata daoine bailithe timpeall ar thine mhór agus iad ag caint is ag comhrá is ag cur síos ar eachtraí an lae.

D'fhéachadar ar an stróinséar nuair a thainig sé isteach ach níor chuireadar a thuilleadh suime ann agus bíodh is go raibh sé fliuch préachta níor thugadar áit dó in aice na tine. Nuair a chonaic sé nach raibh fáilte roimhe ghlaoigh sé ar fhear an tí agus dúirt sé leis ,”ar chuir tú mo capall ins an stábla mar a dúirt mé leat”. Dúirt fear an tí gur dhein sé. “ Anois tabhair dosaen ubh amach agus tabhair dó iad mar tá sé traochta i ndiaidh an aistir”

Bhí iontas ar an dream timpeall na tine agus ar an óstóir chomh maith nuair a chuala sé an órdú aisteach seo ach rinne sé mar a hiarradh air.

D'éirigh an dream a bhí timpeall na tine freisin agus amach leo chun go bhfeicfidís an capall ag slogadh na nubh. Nuair a fuair an stróinséar an áit faoi féin shuigh sé sa chathaoir is sócúlaí le hais na tine. D'fhill an óstóir agus an slua lena shála agus nuair chonaic siad an stróinséar ina shuí le hais na tine agus é brea compórdach, thuigeadar an bob a buaileadh orthu agus ní rabhadar sásta.



MADRA AN DLÍODÓRA



Búistéar ab ea Seán Mór agus bhí meas mór aige ar a ghliceas féin.

Lá amháin bhí madra ag dul thart agus céard a dheanfadh sé ach píosa breá feola a bhí lasmuigh de shiopa an bhúistéara a bhreith leis.

Lean Seán an madra agus nuair a chonaic sé an madra ag dul isteach geata an dlíodóra bhí fhios aige go mba leis an madra.

Bhuail Seán ar dhoras an dlíodóra. Ligeadh isteach é. Bhí an dlíodóir istigh. D'inis Seán dó gur ag lorg chomhairle uaidh a bhí sé agus dinis sé dó faoin gcleas a rinne an madra air agus é ag sciobadh na feola.

Dúirt an dlíodóir leis go raibh cás maith aige in aghaidh an té gur leis an madra. Agus dá gcuirfeadh sé an dlí air go bhfaigheadh sé luach na feola arais. “Tuigim” arsa Seán ” ach is é do mhadra féin a rinne é agus nach fearr duit an t-airgead a thabhairt dom anois seachas mé bheith ag cur an dlí ort?

Thug an dlíodóir luach na feola do Sheán – ceithre scillingí gan focal a rá agus bhí áthas an domhain ar Sheán agus é ag dul abhaile. Níor thúisce sa mbaile é ná bhí cnag ar an doras agus seo isteach fear le bille ón dlíodóir do Sheán agus é ag lorg seacht is réal ar son na comhairle a chur sé air faoin mhadra agus b'éigin dó é íoc láithreach. Is fíor don té a deir gur i ngan fhios don dlí is fearr a bheith ann.





NA TRÍ SRAOTH

Nuair a ligeann duine sraoth deireann daoine “Dia Linn” gach uair a tharlaíonn sé chun nach mbeadh greim ag na púcaí ar an duine sin.

Ach blianta ó shin bhí feirmeoir ina chónaí i gCill Mháille agus fuair a bhean bás, bhí aon iníon amháin aige.

Bhí feirm mhór aige agus ba mhór an chaill dó bás a mhná, chun aire a thabhairt do chúrsaí tí agus dá iníon. Mar sin d’éirigh sé mór le bean eile agus phós sé í. Bean an mhacánta ab ea í agus bhí an mheas aici ar an iníon agus thugadh sí togha na haire di. Lá amháin chuaigh an fear amach ag comhaireamh na mbó agus cad a fuair sé roimhe ach an bhó is fearr sínte ar an dtalamh agus í go dona tinn. Ghlaoigh sé ar na comharsan agus thángthadar agus mhol siad dó tréadlia a fháil don bhó.

Rinne sé é sin ach ní raibh aon leigheas aige sin uirthi agus bhí an feirmeoir go mór trí chéile. Bhí an bhó ag dul in olcas agus mhol comharsa dó dul go dtí bean feasa agus rinne sé é sin. Dúirt an bhean feasa leis go raibh fadhb mhór aige.

Ar sise leis “Is féidir an bhó a leigheas ach is baolach go bhfaighidh d’iníon bás ina hionad. I gceann tamaill bualfaidh tinneas d’iníon.

Ligfidh sí sraoth agus ná habradh aon duine “Dia Linn”

Ligfidh sí an dara sraoth agus ná habradh aon duine “Dia Linn”

Ligfidh sí an tríú sraoth agus ná habradh aon duine “Dia Linn”

Mairfidh do bhó agus geobhaidh d’iníon bás. Tá rogha deacair le déanamh agat.”

Chuaigh an fear abhaile agus is é a bhí dochrónach. D’inis sé an scéal dá bhean agus d’iarr comhairle uirthi. Tháinig an iníon aníos ón seomra agus dúirt sí go raibh sí breoite.

Lig sí sraoth aiste ach ní dúirt éinne “Dia Linn”. Lig sí an dara sraoth ach ní dúirt éinne “Dia Linn”. Lig sí an tríú ceann agus dúirt an leasmháthair “Dia Linn” mar bhí trua mór aici di. A thúisce is a tharla sin labhair guth ón seomra agus dúirt:

Dia is Muire leat

A bhean mhín mhánla



Bíodh do bhó is do leanbh agat
Agus an rath go brách ort
Mar sin d'éirigh an bhó agus d'éirigh an cailín óg agus iad i
dtogha na sláinte agus mhaireadar go léir go sona sásta as sin
amach.





ROINNT NA NÚLL SA REILG

Ba chairde móra iad Pádraig agus Seán. Cúpla lá roimh Oíche Shamhna bheartaigh siad ar roinnt úll a ghoid as crann na gcomharsan mar nach raibh aon úllghort acu féin.

Nuair a thit an dorchadas chuadar isteach san úllghort, bhain siad úlla de na crainn agus chuireadar isteach i bpócaí a gcasóg agus brístí agus d'imigh siad leo. Ní raibh aon áit acu chun na húlla a roinnt agus bheartaigh siad ar dhul chun na reilige a bhí ceathrú míle siar an bóthar uathu, dul isteach ann agus na húlla roinnt eatarthu.

Nuair a bhíodar ag dul thar geata na reilige thit úll uathu ach dúirt siad go bhfaighfaidís é ar an mbealach amach.

Shuigh siad faoi scáth leice sa reilig agus thosaigh siad ag roinnt na núll eatarthu mar seo – “ceann duitse, ceann domhsa,” de réir mar a bhí an dá carn ag méadú.

Bhí fear ag dul thar bráid na reilige agus baineadh geit as nuair a chuala sé na guthanna istigh sa reilig agus chuala sé go soiléir an chaint “ceann duitse, ceann domhsa.”

Tháinig an seanscéal ina cheann faoi Dia agus an Diabhail ag roinnt na nanamacha eatarthu, “ceann duitse, ceann domhsa,” tháinig fuar allas agus sceoin ina chroí agus nuair a chuala sé an ghuth arís..” agus an ceann amuigh ag an geata” rith sé lena anam síos an bóthar ar ais chun a thí agus níor stad sé go ndeachaigh isteach ina theach féin. Ghlasáil sé an doras agus chuaigh sé isteach faoin leaba, ar eagla na heagla.

Tháinig an bheirt rogaire abhaile agus bhí Oíche Shamhna ar fónamh acu féin agus ag a gcairde.



AN FIACH DUBH AGUS AN T-IOLAR MÓR

Bhí an fiach dubh ag dul amach go moch maidin amháin ag lorg bia dá ál.

Casadh an t-iolar mór air .

“Cá bhfuil tú ag dul “ arsa an t-iolar leis an bhfiach dubh. “ is fada ó chonaic mé tú. Shíleas go raibh tú marbh”

Ó mhuidhe nílim ach tá mo chroí briste ag obair ó mhaidin go hoíche ag iarraidh bia a choinneail le mo chlann, Ní fhaca tú ál éanacha is fearr a bhfuil goile acu ná iad.

Cá bhfuil tú féin ag dul ?

“ Sé an scéal céanna agamsa é is atá agat féin .Chuala mé an seabhac ag rá inné go raibh neadacha lán de ghearrcaigh go fairsing sa choill sin thuas .”

“Is ansin atá mo ál-sa leis agus ar a bhfaca tú riamh ná bain leo. Aithneoidh tú iad. Is iad na héiníní is deise agus is gile agus is gleoite dá bhfaca tú riamh.”

“Maith go leor “ arsan t-iolar. “Ní bhainfidh mé le héan ar bith atá geal.” agus d’imigh sé leis .

Cúpla lá ina dhiaidh sin casadh an fiach dubh agus an tiolar ar a chéile arís.

“A bhithiúnaigh bhradaigh, cén fáth ar mharaigh tú mo chuid éiníní an lá cheana agus tú taréis geallúint dom nach ndéanfá?

“Go deimhin féin níor mharaigh mé . Dúirt mé leat nach mbainfinn le haon éan geal agus níor dheineas. Thugas liom na héin ba dhuibhe a bhí ann.

Bhí an fiach dubh chomh ceanúil ar a chlann gur cheap sé go rabhdar geal faoi mar a deir an seanfhocal –is geal leis an bhfiach dubh a ghearrcach féin.



AN LUCH AR MEISCE

Bhí luch ann uair amhain agus bhí cónaí uirthi i soilléar faoi theach. Oíche amháin thosnaigh ceann de na bairillí ag scaoileadh uisce beatha agus fuair an luch boladh an óil. Chuir sé a smut ann agus bhlais sé de. Thaitnigh an deoch lei. Bhlais sé arís agus arís eile de.

Bhí sé ag eirí súpach anois agus rinne sé cúpla dreas rince ar fud an urláir. Tháinig sé ar ais chuig an uisce beatha agus d'ól sé a thuilleadh nó go raibh sé ar dhearg mheisce.

Bhí misneach an domhain ag an luch anois agus cheap sí nach raibh gaiscíoch ar domhan ionchurtha lei.

Léim sí amach i lár an urláir, chuir sí na gothaí ba ghreannúire uirthi féin.

Bhí sí ag glagaireacht agus ag deanamh gaisce agus ar deireadh ar sise, "cá bhfill an sean chat sin anois? Cuir chugam anois é nó go strócfaidh mé na putóga as."

Ach ar an bpointe sin leagadh lapa mór trom in áirde ar an luch agus in aon soicind amháin bhí sí i mbéal an tsean chait agus níor chuala uaithí níos mó.

Is cinnte nuair a bhíonn an t-ól istigh, bíonn an chiall amuigh.



AN MADRA MEALLTA

Bhí madra ag dul thar siopa búistéara lá amháin. Chonaic sé píosa brea feola crochta taobh amuigh. Fuair sé a bholadh agus thaitin sé go mór leis. Rug sé air agus sciob sé leis é agus as go brách leis ar nós na gaoithe.

Ar a bhealach abhaile bhí air dul thar dhroichead adhmaid trasna srutháin . D'fhéach sé síos san uisce agus chonaic sé madra eile agus píosa brea feola ina bhéal aige freisin. Thainig éad an domhain air. Níor chuimhnigh sé riamh gurb é a scáil féin a chonaic sé.

Sheas sé agus chuir sé gothaí troda air féin. Rinne an madra san uisce an cleas céanna. Chuir sé sin ar buile ar fad é. Céard a dhéanfadh sé ach léimt isteach san uisce ag iarraidh an madra eile a ionsaí. Ach mo lean thit an fheoil as a bhéal agus d'imigh sé le sruth.

Nuair a tháinig sé as an uisce bhí sé fuar fliuch, feargach agus gan feoil ná madra aige.

